# Tuarascáil Bhliantúil

An Coimisiún um Rialáil Eitilíochta

Commission for Aviation Regulation

## 2021

## AN COIMISIÚN UM RIALÁIL EITLÍOCHTA





# Clár na nÁbhar

Réamhrá ..... 1

1. Eolas faoin gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta ..... 2

2. Rialáil Eacnamaíoch ..... 5

3. Ceadúnú Aeriompróirí agus Ceaduithe um Láimhseáil ar an Talamh ..... 13

4. Ceadúnú do Thrádáil Taistil ..... 23

5. Cearta Aerphaisinéirí ..... 31

6. Seirbhísí Corparáideacha ..... 37

7. Faisnéis Airgeadais ..... 44

Aguisín ..... 52

# Réamhrá



**David Hodnett**
Leas-Choimisinéir

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta do 2021 a chur i láthair. Déanann an Tuarascáil achoimre ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin le linn na bliana atá caite le tagairt don réimse feidhme in éineacht le clár oibre don bhliain amach romhainn agus cuirtear sliocht ó dhréacht-Ráitis Airgeadais an Choimisiúin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 i láthair inti.

Tá an tionchar tromchúiseach atá ag COVID-19 ar na tionscail eitlíochta agus taistil leanúnach go fóill. Sa chéad thrí mhí de 2021, thaisteal timpeall 4.6 milliún paisinéir (4,591,845) trí phríomhaerfoirt na hÉireann, titim bhliantúil de 2.9 milliún paisinéir (2,942,715) agus titim de 24.9 milliún (24,920,621) i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2019[1]. Le linn 2021, chuir an Coimisiún a chlár oibre in oiriúint lena chinntiú go bhféadfadh sé freagraí a thabhairt dá phaisinéirí chomh maith le freagraí rialála agus tacaíocht a thabhairt do na tionscail atá á rialú aige.

Tosaíocht atá ag an mbainistíocht shinsearach ná an Coimisiún a threorú tríd an gclár athstruchtúraithe, áit a ndéanfar feidhmeanna an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta a nascadh le feidhmeanna rialachán sábháilteachta Údarás Eitlíochta na hÉireann sula ndéantar é a dhíscaoileadh; agus cuideachta Údarás Eitlíochta na hÉireann atá ann cheana a cheapadh mar chomhlacht rialála aonair atá freagrach as iomlán na gcúrsaí eitlíochta. Déanfar feidhmeanna reatha bainistíochta aerthráchta Údarás Eitlíochta na hÉireann a aistriú chuig comhlacht nua fo-stáit – Seirbhís Aerloingseoireachta na hÉireann. Glacadh leis an reachtaíocht don athstruchtúrú seo, an Bille um Iompar agus Aerloingseoireacht 2020 ag Dáil Éireann in Iúil 2021 agus tá sí ag Céim an Choiste i Seanad Éireann anois, agus an tuarascáil seo á scríobh. Ag dúil le díscaoileadh comhlachta in 2022, tá an Coimisiún tar éis cuid mhaith acmhainní a chur ar fáil chun clár athchóirithe an rialtais seo a chur i bhfeidhm le linn 2021. I gcomhthéacs an chumaisc atá molta, leanfaidh timpeall an tríú cuid de lucht oibre an Choimisiúin ag obair ar eochairthionscadail chun cur i bhfeidhm idirscaradh Sheirbhís Aerloingseoireachta na hÉireann ó Údarás Eitlíochta na hÉireann a éascú. Tá cuid mhaith d'am na bainistíochta sinsearaí caite ar mhaithe le tabhairt faoi na ceisteanna éagsúla riaracháin, fostaíochta, airgeadais, dleathacha agus praiticiúla gur gá réiteach a fháil orthu roimh dheireadh an tionscadail.

Ag deireadh Dheireadh Fómhair 2021, d'fhág an Coimisinéir ar Rialáil Eitlíochta, Ms. Cathy Mannion, a post le tabhairt faoi ról eile rialála eitlíochta ag leibhéal an AE. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil léi as an méid a rinne sí chun an Coimisiún a riaradh go rathúil, as rialáil eacnamaíoch na hearnála eitlíochta a chur i bhfeidhm in Éirinn agus as a ceannaireacht le sé bliana anuas.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú freisin chun buíochas a ghabháil leis an Aire Iompair, an tUas. Eamonn Ryan, T.D., an tAire Stáit, Ms. Hildegarde Naughton, T.D., agus oifigí na Roinne as a gcuid cúnaimh agus tacaíochta leanúnaí don Choimisiún agus a chuid feidhmeanna á gcomhlíonadh aige. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann as a gcuid cúnaimh agus tacaíochta don Choimisiún agus a chuid feidhmeanna á gcomhlíonadh aige, sna réimsí ina mbíonn comhcheangal idir ár gcuid oibre agus go háirithe i dtaca leis an tionscadal athstruchtúraithe, a bhfuil cur síos déanta air thuas, a chur chun cinn.

Ní bheadh dul chun cinn rathúil á bhaint amach ná a chuid cuspóirí reachtúla á gcomhlíonadh ag an gCoimisiún gan diongbháilteacht, díograis agus tiomantas na mball foirne agus na mball foirne sealadach, baill foirne atá tar éis cabhrú leis an gCoimisiún le hobair atá dírithe ar an tomhaltóir. Ba mhaith buíochas a ghabháil leo as a gcuid iarrachta agus as an méid atá déanta acu le bliain anuas. Tá an chuid is mó de na baill foirne ag tabhairt faoi chianobair ó Mhárta 2020 ach tá siad tar éis leanúint ar aghaidh go héifeachtach le seirbhís an Choimisiúin a chur ar fáil in ainneoin an dúshláin sin.

[1] Foinse CRO, Staitisticí Eitlíochta, ráithe 3, 2021: https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/er/as/aviationstatisticsquarter32021/

# 1

# Eolas faoin gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta

Is é an Coimisiún rialtóir neamhspleách eacnamaíoch na hÉireann ar an earnáil eitlíochta agus bunaíodh é i 2001. Déantar cur síos ar fhreagrachtaí an Choimisiúin thíos.

## RIALÁIL EACNAMAÍOCH

- Déanann sé caidhp praghais, a chuireann teorainn leis an méid ioncaim ar féidir le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath a bhailiú in aghaidh an phaisinéara ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, a shocrú agus déanann sé monatóireacht uirthi.

- Cinntíonn sé go gcomhlíontar an Treoir Eorpach um Tháillí Aerfoirt (2009/12/CE), a leagann amach íoschaighdeáin i dtaca le comhairliúchán agus neamh-idirdhealú i straitéis mhuirir aerfoirt.

- Déanann sé na muirir a ghearrann aerfoirt ar aerlínte chun seirbhísí a mhaoiniú do phaisinéirí faoi mhíchumas luaineachta a cheadú, de réir mar is gá.

- Déanann sé na táillí a ghearrann údaráis aerfoirt ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne, maidir le rochtain a fháil ar na suiteálacha atá de dhíth chun seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar, a cheadú.

- Déanann sé stádas sceidealaithe aerfoirt na hÉireann faoin Rialachán Leithroinnte Sliotán a shonrú, agus ceapann sé éascaitheoir nó comhordaitheoir sceideal nuair is gá. Déanann sé na paraiméadair chomhordaithe d'aerfoirt Chomhordaithe a fhógairt; faoi láthair, tá Aerfort Bhaile Átha Cliath comhordaithe agus tá na haerfoirt Éireannacha eile Neamhchomhordaithe.

- Is é an tÚdarás Maoirseachta Náisiúnta é an Coimisiún le rialáil eacnamaíoch a dhéanamh ar sheirbhísí aerloingseoireachta faoi na rialacháin maidir le hAerspás Eorpach Aonair.

## CEADÚNÚ AGUS CEADUITHE

- Tugann sé ceadúnais d'aeriompróirí bunaithe in Éirinn a iompraíonn paisinéirí, post nó lastas ar íocaíocht agus/nó ar cíos.

- Rialaíonn sé gnólachtaí a cuireadh ar bun in Éirinn agus taobh amuigh den AE agus a dhíolann nó a chuireann ar díol pacáistí nó socruithe taistil gaolmhara san AE/in Éirinn faoi seach.

- Tugann sé ceadúnais do ghníomhairí taistil agus tionscnóirí turais atá bunaithe in Éirinn a dhíolann taisteal thar lear.

- Déanann sé scéim bhannaithe do ghníomhairí ceadúnaithe taistil agus tionscnóirí ceadúnaithe turais a riar agus éilimh a phróiseáil má théann gníomhaire taistil nó tionscnóir turas as gnó.

- Déanann sé imscrúdú ar chásanna de thrádáil mhídhleathach líomhnaithe agus déanann sé ionchúiseamh nuair is gá.

- Tugann sé ceadanna do chuideachtaí atá i mbun gníomhaíochtaí láimhseála ar an talamh ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne.

## CEARTA AERPHAISINÉIRÍ

- Déanann sé imscrúdú ar ghearáin maidir le cealuithe eitiltí, moilleanna níos faide ná dhá uair an chloig agus cásanna ina ndiúltaítear cead bordála nó ina ndéantar seirbhísí a íosghrádú do gach eitilt atá le himeacht ó aerfoirt Éireannacha agus d'eitiltí a thagann isteach go haerfoirt Éireannacha ó thíortha neamh-AE (má tá iompróirí atá ceadúnaithe ag an AE á bhfeidhmiú).

- Déanann sé imscrúdú ar ghearáin a bhaineann le cabhair faighte ag paisinéirí atá faoi mhíchumas luaineachta nuair a bhíonn áirithint á déanamh acu, nuair a bhíonn siad ag taisteal trí aerfort laistigh d'Éirinn nó nuair a bhíonn siad ag bordáil eitilte ag imeacht ó aerfort Éireannach.

# Príomhstaitisticí

## RIALÁIL EACNAMAÍOCH

Gluaiseachtaí aerárthach **feabhsaithe 10%** in 2021 i gcomparáid le 2020 ach bhí siad fós **56% faoi** leibhéal 2019.

## CEADÚNÚ AERIOMPRÓIRÍ AGUS LÁIMHSEÁIL AR AN TALAMH

Rinneamar **43 cuideachta** a cheadú atá i mbun gníomhaíochtaí láimhseála ar an talamh.

Rinneamar **15 aeriompróir atá bunaithe in Éirinn** a cheadúnú.

## AN TRÁDÁIL TAISTIL

Rinneamar **161 gnólacht taistil** a cheadúnú agus a chur faoi bhanna.

In 2021 rinneamar **2246 éileamh** ó chustaiméirí de chuid aonán ar chlis orthu, a fuair **€2.2m** in **aisíocaíochtaí** ó Bhannaí dócmhainneachta cosanta i seilbh an Choimisiúin, ón gCiste um Chosaint Taistealaí agus ó nótaí creidmheasa aisíoctha, a riar.

## CEARTA AERPHAISINÉIRÍ/DAOINE FAOI MHÍCHUMAS LUAINEACHTA

Chuireamar **comhairle ar 2,340** duine aonair maidir lena gcearta ar an bhfón agus/nó ar an ríomhphost.

Chuireamar tús le **1,479 gearán a fhiosrú, chuireamar 1,015 acu i gcrích**. Fuarthas os cionn **€579,000** in aisíocaíochtaí tar éis ár n-idirghabhála agus íocadh cúiteamh **€35,000** sa bhreis le custaiméirí i dtaca le **897 gearán bailí** a tugadh chun críche.

# 2

# Rialáil Eacnamaíoch




**Adrian Corcoran**
Stiúrthóir na Margaí agus an Bheartais Tomhaltóirí

Is é Adrian Corcoran Stiúrthóir na Margaí agus an Bheartais Tomhaltóirí. Tá sé freagrach as rialáil eacnamaíoch Aerfort Bhaile Átha Cliath, comhordú sliotán agus faomhadh táillí a bhaineann le rochtain ar shuiteálacha agus paisinéirí atá faoi mhíchumas luaineachta. Chomh maith, in 2021, aistríodh freagrachtaí i dtaca le Trádáil Taistil agus Cearta Aerphaisinéirí go dtí Adrian Corcoran.

## FICHE BLIAIN DE RIALÁIL EACNAMAÍOCH

Tá an Coimisiún tar éis Táillí Aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a riar le 20 bliain anuas, mar chuid dá ról ar son leasa a phaisinéirí. Taistealaíonn timpeall 90% de gach paisinéir in Éirinn trí Aerfort Bhaile Átha Cliath agus níl an dara rogha ag formhór acu. Ciallaíonn sé seo gur féidir le hAerfort Bhaile Átha Cliath, má fhágtar é gan srian, praghsanna níos airde a shocrú agus gan é in iomaíocht le haerfoirt eile, rud nach mbeadh chun leasa paisinéirí ná aerlínte. Léiríonn Cairt 1 thíos na praghsanna atá iarrtha ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ó 2001 i leith, mar aon leis na praghsanna a cheadaíomar. Chuaigh ár gcur chuige i dtaca le rialáil chun leasa ár bpaisinéirí aerfoirt agus timpeall €1.8bn sábháilte acu idir 2001 agus 2019 agus, murach paindéim Covid-19, de réir ár meastachán bheadh €320m sa bhreis sábháilte ag paisinéirí idir 2020 agus 2024. Ní mór a thabhairt do d'aire, cé go raibh caidhpeanna praghais níos ísle saothraithe ná mar a bhí á lorg le linn na tréimhse seo, tá feabhas de réir a chéile tagtha ar thorthaí chaighdeán seirbhíse Aerfort Bhaile Átha Cliath. Chomh maith, d'éirigh leis píosaí ríthábhachtacha bonneagair amhail Críochfort 2 agus an Rúidbhealach Thuaidh a chur ar fáil.

**Cairt 1: Caidhp Praghais Aerfort Bhaile Átha Cliath i gcomparáid leis an bpraghas a bhí iarrtha aige**





## TIONCHAR COVID-19 AR AN TIONSCAL EITLÍOCHTA

Lean COVID-19 agus tionchar tromchúiseach aige ar an tionscal eitlíochta in 2021, cé gur thosaigh trácht ag dul chun feabhais ó lár na bliana. Thuairiscigh Eurostat go raibh eitlítí tráchtála Eorpacha 24% níos ísle i Nollaig 2021 ná mar a bhíodar an mhí chéanna in 2019 (feabhas ar an titim 67% idir Nollaig 2019 agus Nollaig 2020)[2]. Cé gur tháinig feabhas láidir ar an aerthrácht san Eoraip le linn an tsamhraidh in 2021, bhí feabhas i bhfad níos lú le brath in Éirinn. B'ionann an líon iomlán tráchta paisinéara ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus 8.5m in 2021, ardú beag ó 7.4m in 2020, ach fós i bhfad níos lú ná an líon 32.9 milliún ó 2019. B'amhlaidh é seo, den chuid is mó, mar gheall ar na srianta déine COVID-19 a bhí i bhfeidhm ar feadh an chéad leath de 2021 agus fiú nuair a tháinig maolú ar shrianta, bhí roinnt srianta fós i bhfeidhm i dtaca le taistealaithe idirnáisiúnta. Léirítear i gCairt 2 thíos tionchar na paindéime, agus srianta ar eitlítí a lean ina dhiaidh sin, ar an líon paisinéirí. In 2021, bhí ar an tionscal eitlíochta aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chéanna le 2020, .i. costais a choinneáil faoi smacht agus, ag an am céanna, a bheith ar a chumas frithghníomhú go tapa nuair a thagadh feabhas faoi dheireadh ar thrácht. Cé go mbaineann cuid mhaith éiginnteachta leis an gcuma a bheidh ar an bhfeabhas agus cé go bhfuil an phaindéim COVID-19 fós inár láthair, tá dearcadh i bhfad níos sona ann le haghaidh 2022 agus ina dhiaidh sin. Táimid ag súil go mbeidh leibhéil paisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath idir 21m agus 25m in 2022, agus tá súil le tuilleadh fáis sna blianta ina dhiaidh sin.

[2] https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-eurostat-news/-/ddn-20220112-1

### Cairt 2: Líon Paisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2019 i gcomparáid le 2020 agus 2021




## AN PLEAN STRAITÉISEACH A CHUR I BHFEIDHM

Is é príomhchuspóir straitéiseach na rannóige eacnamaíche seirbhísí aerfoirt agus seirbhísí aerloingseoireachta atá éifeachtúil, ar ardchaighdeán agus feasach ar an tsábháilteacht a dhreasú.

Tá ceithre chuspóir agus roinnt gníomhartha ann atá lárnach chun an cuspóir seo a bhaint amach. Léirítear i gCairt 3 na nithe ar dhírigh ár gcuid oibre isteach orthu in 2021, agus i measc na nithe sin bhí na ceithre chuspóir a bhí againn agus cuspóir ginearálta de chuid an Choimisiúin.

### Cairt 3: Cuspóirí Straitéiseacha a nDearnamar Obair Orthu in 2020



Tugtar achoimre sna hailt seo a leanas ar an obair a rinneamar in 2021, agus an t-eolas leagtha amach de réir gach cuspóir ar leith.

## MUIRIR ÉIFEACHTÚLA A SHOCRÚ AG AERFORT BHAILE ÁTHA CLIATH

### Painéal Achomhairc d'Athbhreithniú Eatramhach 2020

Chuir an tAire Iompair painéal achomharc ar bun ar an 28 Aibreán 2021 le hachomhairc ó Ryanair, Aer Lingus agus Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath a mheas i dtaca le hAthbhreithniú Eatramhach ar Chinneadh 2019 maidir le 2020 agus 2021. Tháinig an painéal ar chinneadh i mí Iúil, i ndiaidh aighneachtaí scríofa agus éisteachtaí ó bhéal a bheith ann. Dhiúltaigh an painéal do gach ceann de na pointí achomhairc, agus tháinig sé ar an gconclúid nach raibh a ndóthain cúiseanna ann, i dtaca leis na forais achomhairc a d'ardaigh na hachomharcóirí, chun tabhairt faoi athbhreithniú ar Chinneadh an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta.

### Freagra ar Rialáil Praghsanna i bhFianaise COVID-19

D'fhoilsíomar comhairliúchán in Aibreán 2021, le plé a dhéanamh ar an dóigh ar chóir don rialáil praghsanna COVID-19 a fhreagairt don bhliain 2022. I ndiaidh na bhfreagraí ar chomhairliúchán a mheas, foilsíodh Dréachtchinneadh ar an dara athbhreithniú eatramhach ar Chinneadh 2019. Rinneadh moladh ansin go dtógfaí chun cinn go 2022 an chuid is mó de na coigeartuithe a cuireadh i bhfeidhm in 2021. Ina measc seo, leanadh le siocracha athphróifílithe caiteachais chaipitil agus le meicníocht dul thar tairsí an chaiteachais oibríochtúil a bhaint. San áireamh chomh maith, cuireadh ar fionraí meicníocht aisghlámtha an chaiteachais chaipitil mar aon leis na scéimeanna rollacha d'ioncam tráchtála. Bhí a lán de na siocracha agus na coigeartuithe sin bunaithe ar Aerfort Bhaile Átha Cliath ag cur tionscadail chaipitil i gcrích. I bhfianaise na dtosca, ní raibh na dreasachtaí sin fóirsteanach a thuilleadh, agus b'fhéidir go mbeadh torthaí neamh-inmhianaithe ann dá mbarr.

Leanamar chomh maith leis an bpróiseas nua comhairliúcháin ionas gur féidir sceideal a leagann amach le haghaidh tionscadail chaipitil mhóra cheadaithe, ar an ábhar gur gá na tionscadail sin a athmheas i gcomhthéacs na paindéime. Chun mórthionscadail a fhaomhadh, ní mór tacaíocht a fháil ó haerlínte a bhfuil ar a laghad 50% de thrácht paisinéara ag Aerfort Bhaile Átha Cliath acu.

Foilsíodh an Cinneadh Críochnaitheach maidir leis an Athbhreithniú Eatramhach i dtaca le 2022 i Nollaig 2021, a bhí ag teacht den chuid is mó leis an Dréachtchinneadh.

### Athbhreithniú Bliantúil ar Chomhairliúchán

Rinneadh an t-athbhreithniú bliantúil ar mhuirir aerfoirt in Aerfort Bhaile Átha Cliath i mí na Nollag 2021 agus chuaigh Aerfort Bhaile Átha Cliath i mbun idirphlé le páirtithe leasmhara. Bhí cainteanna ar scéimeanna feabhais tráchta agus na muirir aerfoirt bainteach le torann a bhí molta, ina gcuid den athbhreithniú.

### Pionóis maidir le Cáilíocht Seirbhíse

I mí an Mhárta 2020, chinneamar go ndéanfaí pionóis airgeadais a bhain le spriocanna cáilíochta seirbhíse a chur ar fionraí. Ba ghá an beart sin a chur i bhfeidhm mar gheall ar mhéadú ar na srianta agus bearta a bhaineann leis an scaradh sóisialta a d'fhág go raibh sé níos deacra ar sheirbhísí feidhmiú mar is gnách. Bhí sé dúshlánach chomh maith, de bharr na srianta, sonraí a bhailiú ar cháilíocht seirbhíse san aerfort, mar bhí sé níos deacra suirbhéanna aghaidh ar aghaidh a dhéanamh de bharr na riachtanas maidir leis an scaradh sóisialta.

Lean an fhionraíocht i bhfeidhm le linn 2020 agus 2021 ach tugadh ar ais cuid de na pionóis airgeadais mar chuid d'Athbhreithniú Eatramhach i dtaca le 2022. Aithnímid go bhfuil tascanna amhail bainistiú ar scuainí agus acmhainní a chur ar fáil níos dúshlánaí de dheascadh athruithe ar iompraíocht phaisinéirí agus éileamh gearrthréimhseach ach creidimid, áfach, go bhfuil sé réasúnta agus comhréireach dreasachtú airgeadais de ghné éigin a chuir ar fáil in athuair d'Aerfort Bhaile Átha Cliath chun caighdeán seirbhíse ar leibhéal iomchuí a chuir ar fáil.

## RANNPHÁIRTÍOCHT PHÁIRTITHE LEASMHARA SA PHRÓISEAS CINNTEOIREACHTA A THREISIÚ

### Próiseas StageGate le haghaidh Tionscadail Infheistíochta Caipitiúla a chur i bhfeidhm

I gCinneadh 2019, thugamar isteach próiseas nua, ar a dtugtar StageGate, le haghaidh tionscadail caiteachais chaipitiúil ar scála mór. Fágann próiseas StageGate gur féidir níos mó solúbthachta a bheith i gceist leis an raon feidhme agus costas a bhaineann le tionscadail mhóra caiteachais chaipitiúil i rith na tréimhse rialála. Déanann Aerfort Bhaile Átha Cliath, úsáideoirí an aerfoirt, an Coimisiún agus Suirbhéir Neamhspleách Ciste costas forbartha tionscadal a mheasúnú, a imríonn tionchar sa deireadh ansin ar an liúntas deiridh in aghaidh costais don tionscadal. Tugadh liúntais tosaigh StageGate 0 i gcás 17 dtionscadal mar chuid de phróiseas an Chinnte 2019.

I Márta 2021, thugamar chun críche an chéad bhabhta de phróiseas StageGate maidir le Caighdeáin i dtaca le Scagadh an Bhagáiste Boilg i gCríochfort 1; ba é seo an t-aon tionscadal a chuir Aerfort Bhaile Cliath ar aghaidh go StageGate 1 sa timthriall seo. Mhol Aerfort Bhaile Átha Cliath liúntas StageGate 1 de €192m, ach tháinig an Suirbhéir Neamhspleách Ciste ar an gconclúid gurbh é €183m an costas éifeachtúil agus ghlac Aerfort Bhaile Átha Cliath leis sin ina dhiaidh, agus níor chuir formhór na n-aerlínte ina choinne. Níor chomhaontaigh Ryanair le dul ar aghaidh an

tionscadail trí StageGate 1 bunaithe ar mholtaí an tSuirbhéara Neamhspleách Ciste de €183m. Ar an ábhar sin, tá an liúntas deiridh StageGate 1 don tionscadal seo ag teacht le €160m ar aon dul le StageGate 0 agus déanfaidh an Coimisiún an cinneadh críochnaitheach ar deireadh thiar thall.

Bhí sé ar intinn againn an próiseas seo a reáchtáil ar bhonn ráithiúil; ach, ina ionad sin, déanaimid é a reáchtáil nuair a bhíonn tionscadail molta ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. D'éirigh go maith leis an gcur chuige seo ar na cúiseanna seo a leanas: baineann ceisteanna sonracha le gach babhta, bíonn roinnt tionscadal níos casta ná cinn eile agus baineann éagsúlacht leis an méid ama atá de dhíth ar an Suirbhéir Neamhspleách Ciste chun tuairisc a thabhairt ar thionscadal. Bhí an líon tionscadal i bhfad níos lú ná mar a ceapadh roimhe seo; go dtí seo in 2022 níor thit amach ach dhá thimthriall agus tá an tríú measúnú de chuid an tSuirbhéara Neamhspleách Ciste idir láimhe faoi láthair.

## IOMAÍOCHT A CHUR CHUN CINN AGUS IONTRÁIL NUA A ÉASCÚ

### Paraiméadair Chomhordaithe a Rolladh ar Aghaidh

I mí Aibreáin 2021, d'fhoilsíomar na paraiméadair chomhordaithe chun teacht le féilire comhordaithe sliotán an Chomhlachais Aeriompair Idirnáisiúnta. Ní raibh aon athrú ar na paraiméadair ó 2020 de dheasca ionchais éilimh a bhí níos ísle agus deacrachtaí le réamhaisnéis chruinn ar thrácht de thoradh COVID-19. Fógraíodh na paraiméadair chomhordaithe do mhíonna an tSamhraidh 2022 i Meán Fómhair. Ní raibh aon athrú ach oiread ar na paraiméadair chomhordaithe do mhíonna an tSamhraidh 2022 ó na cinn in 2020.

### Riail Áitiúil a Leathnú chun Laghdú Acmhainne a Chur i bhFeidhm

In 2020, cheapamar riail áitiúil nua chun próiseas a bhunú i dtaca le hacmhainn laghdaithe a bhainistiú, dá mbeadh gá leis sin mar gheall ar bhearta a bhaineann le COVID-19. I mí Mheán Fómhair 2021, chinneamar an riail a thabhairt ar aghaidh go dtí deireadh shéasúr an tSamhraidh 2022. Cé nár cuireadh an riail sin i ngníomh in 2020 ná in 2021, chinneamar go raibh sé iomchuí í a thabhairt ar aghaidh de dheasca éiginnteachta leanúnaí maidir le COVID-19.

### Smachtbhannaí i leith Mí-Úsáid Sliotán

D'eisigh Comhordaitheoir Aerfort Bhaile Átha Cliath roinnt rabhadh i dtaca le mí-úsáid sliotáin ach níor tháinig aon smachtbhannaí airgeadais mar thoradh orthu.

## MUIREARÚ AGUS FEIDHMÍOCHT SEIRBHÍSÍ AERLOINGSEOIREACHTA FAOI NA RIALACHÁIN MAIDIR LE HAERSPÁS EORPACH AONAIR

### Rialachán Éigeandála an AE a Chur i bhFeidhm

In 2020 thug an AE isteach rialacháin éigeandála aerthráchta faoi bhearta eisceachtúla le haghaidh thréimhse thagartha 3[3] (2020-2024) den scéim feidhmíochta agus muirearaithe don Aerspás Eorpach Aonair i bhfianaise phaindéim COVID-19[4]. Luadh iontu sin an gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna agus pleananna feidhmíochta a cuireadh isteach in 2019. Ar aon dul leis na rialacháin nua sin, bhí orainn Plean Feidhmíochta Éireannach athbhreithnithe a fhorbairt don tréimhse 2020-2024.

### Plean Feidhmíochta Nua a fhorbairt

Go luath in 2021 thosaíomar ag obair ar Phlean Feidhmíochta Éireannach athbhreithnithe bunaithe ar an rialachán nua sin. Chun an leibhéal iomchuí de chostais chinnte cheadaithe a ríomh, leanamar an cur chuige bloc tógála rialála atá i gcomhréir leis na rialacháin, lenár gcinntí rialála roimhe seo agus lenár gcur chuige ginearálta maidir le rialáil eacnamaíoch. Tá sé i gceist leis an gcur chuige sin an bonn costais a thógáil ón mbun aníos, seachas díriú ar thoradh foriomlán sonrach. Áirítear ar na bloic thógála a úsáidtear, leibhéal éifeachtach costas oibriúcháin agus táillí dímheasa, costas caipitil bunaithe ar an mbonn sócmhainní ceadaithe agus meánchostas ualaithe an chaipitil éifeachtach. D'fhoilsíomar an dréachtphlean ar an 30 Iúil 2021 agus lorgaíomar tuairimí na bpáirtithe leasmhara ar gach gné den phlean.

Ar an 26 Lúnasa bhí cruinniú comhairliúcháin againn le páirtithe leasmhara chun a dtuairimí ar an bplean a fháil. Moladh do pháirtithe leasmhara chomh maith a gcuid freagraí a chur faoi bhráid an Choimisiúin i scríbhinn roimh dheireadh Lúnasa. Fuaireamar seacht bhfreagra san iomlán, a ndearnadh achoimre orthu agus a áiríodh inár bplean deiridh in éineacht lenár bhfreagraí.

D'fhoilsíomar Plean Feidhmíochta Athbhreithnithe na hÉireann ar an 1 Deireadh Fómhair, ach mar gheall ar athruithe ar réamhaisnéisí aerthráchta STATFOR ar a raibh an plean bunaithe, bhí gá le nuashonrú breise ar ár spriocanna. Foilsíodh comhairliúchán forlíontach ar an 3 Samhain, agus tar éis tuairimí na seacht bhfreagróirí a chur san áireamh, agus ionchorprú i dtaca leis na réamhaisnéisí tráchta nua, d'fhoilsíomar Cinneadh nuashonraithe ar an 17 Samhain.

[3] Is ag tagairt don tríú tréimhse rialála den Scéim Feidhmíochta don Aerspás Eorpach Aonair, 2020-2024, atá tréimhse thagartha 3 (TT3).
[4] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32020R1627&qid=1604477086805&from=EN

## RIALÚ A LÉIRÍONN AN DEA-CHLEACHTAS IDIRNÁISIÚNTA IS FEARR

### Páirt Ghníomhach a Ghlacadh i bhFóram Thessaloniki Rialtóirí Muirear Aerfoirt na hEorpa

Bhíomar mar chuid den fhoireann scríbhneoireachta do dhá pháipéar de chuid Thessaloniki Forum i mbliana. Bhreathnaigh an chéad pháipéar ar tháillí aerfoirt in aimsir ghéarchéime, agus rinneadh cur síos ann ar fhorbairt na dtáillí aerfoirt i dtaca leis an bpaindéim. Chomh maith leis sin, tugadh moltaí ann maidir le conas cásanna den chineál seo a láimhseáil sa ghearrthéarma ó thaobh Údaráis Neamhspleách Mhaoirseachta de. Scrúdaigh an dara páipéar comhaontuithe lamháltais agus cumhachtaí maoirseachta atá ag Údaráis Neamhspleácha Mhaoirseachta. Is é cuspóir an pháipéir sin ná féachaint an féidir, agus conas is féidir, cumhachtaí agus dualgais Údarás Neamhspleách Maoirseachta a fheidhmiú nuair a oibrítear aerfoirt faoi chomhaontuithe lamháltais mar a shainítear i dTreoir 2014/23 i dtaca le conarthaí lamháltais agus creataí comhchosúla a bhfuil éifeachtaí comhchosúla acu, a dhámhachtain.

## SÚIL AR 2022

De thoradh COVID-19, tá sé beagán deacair fós tuar a dhéanamh i dtaca le cén chuma a bheidh ar fheabhas an tionscail eitlíochta. Mar sin féin, táimid ag súil le bliain i bhfad níos láidre d'eitlíocht na hÉireann in 2022 ná na blianta roimhe sin de réir mar a dhéantar srianta a bhaint. D'fhógair Ryanair, cuir i gcás, go n-oibreoidh sé an sceideal samhraidh is mó a bhí aige riamh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.[5]

Mar aitheantas ar an éiginnteacht atá ann go fóill in earnáil eitlíochta na hÉireann agus ar an leibhéal dóchúil i bhfad níos ísle aerthráchta sna blianta beaga amach romhainn ná mar a measadh i gCinneadh 2019, táimid tiomanta d'Athbhreithniú Eatramhach Bloc Tógála iomlán a dhéanamh ar Chinneadh 2019. Táimid ag súil go ndéanfar ár ndréachtchinneadh a fhoilsiú i mí an Mheithimh 2022, a dhéanfaidh tograí sonracha do na socruithe rialála athbhreithnithe. Cuirfimid dhá mhí ansin ar fáil do pháirtithe leasmhara le freagra a thabhairt ar ár ndréacht-mholtaí sula bhfoilseofar ár gCinneadh Críochnaitheach i mí na Samhna.

Leanfaimid den teagmháil leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an gComhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta maidir le glacadh le Plean Feidhmíochta Tréimhse Tagartha 3 (TT3) na hÉireann. Déanfaimid monatóireacht agus tuairisciú chomh maith ar fheidhmíocht Sholáthróir Seirbhísí Aerloingseoireachta Údarás Eitlíochta na hÉireann ar gach ceann de na Príomhréimsí Feidhmíochta, agus ar Chaiteachas Caipitil Sholáthróirí Seirbhísí Aerloingseoireachta Údarás Eitlíochta na hÉireann.

Tá próiseas StageGate i dtaca le tionscadail fheabhsúcháin aerpháirce ar siúl faoi láthair agus táthar ag súil go gcríochnófar StageGate 1 go luath in 2022.

Ar deireadh, táthar ag súil go dtabharfar an comórtas chun Comhordaitheoir sliotáin a cheapadh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chun críche go luath in 2022, agus go mbeidh an conradh nua i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair 2022. Ina theannta sin, táimid ag súil go ndéanfar acmhainn ón Rúidbhealach Thuaidh nua ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a fhógairt den chéad uair i ndearbhú acmhainne don Samhradh 2023 a dhéanfar i mí Mheán Fómhair.

[5] https://www.rte.ie/news/business/2022/0120/1274790-new-ryanair-dublin-routes/

# 3

# Ceadúnú Aeriompróirí agus Ceaduithe um Láimhseáil ar an Talamh



**David Hodnett**
An Leas-Choimisinéir/Stiúrthóir Gnóthaí Dlí

Is é David Hodnett Ard-Abhcóide agus Leas-Choimisinéir an Choimisiúin. Aturnae é a tháinig isteach sa Choimisiún in 2003. Tá sé freagrach as Gnóthaí Dlí, Ceadúnú Aeriompróirí agus Ceadú Láimhseálaithe ar an Talamh. Ag deireadh 2021 aistríodh freagracht as Cearta Aerphaisinéirí go Adrian Corcoran.

Is é an Coimisiún a dhéanann na córais cheadúnaithe agus cheadaithe a riar in Éirinn d'aeriompróirí agus do láimhseálaithe ar an talamh. Tugtar achoimre sa tábla thíos ar na gníomhaíochtaí ceadúnaithe agus ceadaithe i rith 2021.

**Tábla 1: Líon Ceadúnas agus Ceaduithe, 2021**

| | Aeriompróirí (Ceadúnas Oibriúcháin) | Láimhseálaithe ar an Talamh (Ceaduithe) | |
|---|---|---|---|
| | | Aerlínte Féinseirbhíse | Soláthraithe Tríú Páirtí |
| Sealbhóirí ceadúnais, 1 Eanáir 2021 | 17 | 10 | 38 |
| *Ceadúnais/Ceaduithe nua* | 1 | 1 | 2 |
| *Ceadúnais a cúlghaireadh/ a tugadh suas* | 3 | 2 | 3 |
| Sealbhóirí ceadúnais, 31 Nollaig 2021 | 15 | 9 | 37 |

De dheasca na paindéime domhanda COVID-19 leanúnaí agus srianta ábhartha Rialtais/Sláinte Poiblí a bhí i bhfeidhm, lean an fhoireann atá freagrach as ceadúnú aeriompróirí agus láimhseálaithe ar an talamh ag obair go cianda i rith 2021. Níorbh fhéidir cuairteanna comhlíonta a thabhairt ar shealbhóirí ceadúnais i rith na bliana mar toradh. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chúrsaí agus tá sé beartaithe aige tús a chur le cuairteanna comhlíonta arís ach na dálaí a bheith fóirsteanach chuige sin. Leanadh den mhonatóireacht ar chomhlíonadh ag sealbhóirí Ceadúnais/Ceaduithe mar is gnách go cianda.

## CEADÚNAIS D'AERIOMPRÓIRÍ

Ag deireadh 2021 bhí 15 aeriompróir atá bunaithe in Éirinn ceadúnaithe ag an gCoimisiún le dul i mbun oibríochtaí tráchtála aeriompair. Eisíodh ceadúnas oibriúcháin nua do Emerald Airlines Ireland Limited i Meán Fómhair 2021.

I rith na bliana, rinneadh géilleadh go deonach ar cheadúnais oibriúcháin a bhí i seilbh Stobart Air UC, Babcock Mission Critical Services (Ireland) Limited agus Norwegian Air International Limited.

Bhí dhá iarratas ar cheadúnas oibriúcháin a fuarthas le linn na ráithe deiridh de 2020 fós idir lámha ag deireadh 2021. Tá liosta iomlán suas chun dáta de shealbhóirí ceadúnais oibriúcháin ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Le linn na bliana, rinneadh monatóireacht rialta ar na sealbhóirí ceadúnais go léir lena chinntiú gur comhlíonadh an reachtaíocht ábhartha maidir le ceadúnú a bhaineann le hoiriúnacht airgeadais, clúdach árachais, agus sealbhú agus rialú. Rinneamar monatóireacht leanúnach go dlúth ar staid airgeadais aeriompróirí, go háirithe iad siúd a raibh staid airgeadais níos laige ag baint leo, trí shonraí airgeadais a chur isteach níos minice agus le cruinnithe rialta.

Tá ceadúnais faoi réir athbhreithnithe dhá bhliain i ndiaidh iad a dheonú ar dtús. Rinneadh athbhreithniú mar sin ag deireadh 2020, a bhí go fóill ar bun ag deireadh na bliana. Dúnadh an t-athbhreithniú le linn 2021 agus ní raibh aon athrú ar an gceadúnas ábhartha.

Fuaireamar iarratas amháin in 2021 ó shealbhóir ceadúnais reatha maidir le cead a fháil chun aerárthaí feistithe arna gclárú lasmuigh den Aontas Eorpach a léasú. Tugadh cead i dtaca leis an iarratas sin.

Chun bealach soiléir a chur ar fáil lena dheimhniú go bhfuil oibreoir ceadúnaithe, eisíodh dioscaí ceadúnais d'oibreoirí aerárthaí beaga agus oibreoirí héileacaptar lena gcur ar taispeáint i ngach ceann dá n-aerárthaí ceadúnaithe mar atá liostaithe ar a nDeimhniú Aeroibreora, arna eisiúint ag Údarás Eitlíochta na hÉireann.

## DIOSCA CEADÚNAIS AERIOMPRÓRA




I rith 2021, fuaireamar ocht n-iarratas ó aeriompróirí Éireannacha a rinneadh faoi Alt 8 (5) den Rialachán Ceadúnaithe, alt a éilíonn go gcuirfí in iúl roimh ré don Choimisiún aon athruithe suntasacha ar scála a ngníomhaíochtaí nó aon chumasc/éadáil atá beartaithe, nó aon athrú ar úinéireacht agus smacht. Caithfidh an t-aeriompróir na hathruithe a leagan

amach go mionsonraithe agus go beacht agus, anuas air sin, féadfaidh an Coimisiún iallach a chuir air plean athbhreithnithe gnó a chur isteach má mheastar go mbeidh tionchar suntasach ag na hathruithe atá á bhfógairt ar chúrsaí airgeadais aeriomprόra. Sa chás go mbaineann na hathruithe le haerárthaí nua a oibriú, is gá don Choimisiún sonraí árachais a scrúdú chun a chinntiú go gcloíonn siad leis na riachtanais chuí, chomh maith le sonraí an mhodha éadála (m.sh. ceannach/léasú) agus na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis an gconradh.

Léirítear i dTábla 2 thíos achoimre ar an líon aighneachtaí a fuarthas faoin Airteagal seo in 2021 de réir an chineáil fógra:

**Tábla 2: Aighneachtaí 2021 faoi Alt 8 (5)**

| Cineál Fógra faoi Airteagal 8 (5) | Líon aighneachtaí 2021 |
|---|---|
| Roimh aon athruithe suntasacha ar an scála gníomhaíochtaí (lena n-áirítear athruithe ar chineál nó líon na n-aerárthach a úsáidtear) | 7 |
| Roimh aon chumaisc/éadálacha beartaithe | 0 |
| Athruithe úinéireachta agus rialaithe | 1 |

## LAGHDÚ AR LÍON NA SEALBHÓIRÍ CEADÚNAIS

Tháinig laghdú in 2021 ar líon na n-aeriompróirí atá ceadúnaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta. Ba é seo an chéad laghdú ar líon na sealbhóirí ceadúnais ó 2015 i leith.


I mí an Mheithimh 2021, tar éis an fhógra nach rachadh ceannach na cuideachta a bhí beartaithe ag infheisteoirí nua ar aghaidh, chuir Stobart Air UC deireadh lena shocruithe saincheadúnais agus léasa fheistithe a bhí i bhfeidhm agus chuir sé tús leis an bpróiseas chun Leachtaitheoir a cheapadh don chuideachta. Ghéill an chuideachta a ceadúnas oibriúcháin go deonach go luath ina dhiaidh sin.

I mí Mheán Fómhair 2021, géilleadh go deonach an ceadúnas oibríochta a bhí i seilbh Babcock Mission Critical Services (Ireland) Limited tar éis a oibleagáidí conarthacha le hAerfort Chorcaí a thabhairt chun críche.

I mí na Samhna 2021, géilleadh go deonach an ceadúnas oibriúcháin a bhí ag Norwegian Air International Limited tar éis cinneadh níos leithne ón nGrúpa. D'éirigh an chuideachta as an Scrúdaitheoireacht níos luaithe sa bhliain in éineacht le cuideachtaí gaolmhara in Norwegian Group tar éis plean athstruchtúraithe a chur i bhfeidhm agus maoiniú breise a fháil.

Ba í 2021 comóradh fiche bliain an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta. Léirítear sa chairt thíos líon na n-aeriompróirí Éireannacha ceadúnaithe chun oibriú sa tréimhse sin.

**Cairt 4: – Líon Aeriompróirí ceadúnaithe laistigh den Stát.**



## COVID-19: BEARTA FAOISIMH DON EARNÁIL EITLÍOCHTA AG LEIBHÉAL AN AE

I rith 2021, bhí bearta faoisimh a thug an Coimisiún Eorpach isteach den chéad uair in 2020 mar fhreagra ar an bpaindéim COVID-19 fós i bhfeidhm. Séard a bhí i gceist leis seo ná mionathruithe sealadacha ar fhorálacha áirithe atá ann cheana faoi Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 a thabhairt isteach.

An cuspóir a bhí leis na mionathruithe sealadacha ná a chur ar chumas an Choimisiúin Eorpaigh agus údarás náisiúnta dul i ngleic ar bhonn níos fusa le cuid d'iarmhairtí diúltacha phaindéim COVID-19, agus drochthionchar na n-iarmhairtí sin ar an earnáil eitlíochta a mhaolú fad a mhairfidh an ghéarchéim. I measc na mbeart sealadach sin, rinneadh leasú ar na rialacha maidir le ceadúnú aeriompróirí i gcás na bhfadhbanna airgeadais a bhfuil paindéim COVID-19 mar chúis leo. I gcomhréir le hAirteagal 9 (1) de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, caithfidh Ballstáit ceadúnas oibriúcháin aeriompróra a chur ar fionraí nó a chúlghairm nuair is léir, bunaithe ar mheasúnú, nach bhfuil an t-aeriompróir ábalta a chuid oibleagáidí iarbhír agus a chuid oibleagáidí ionchasacha a chomhlíonadh go ceann tréimhse 12 mhí. Mar mhalairt rogha, féadfar ceadúnas sealadach a dheonú. Is dócha go mbeidh a lán aerlínte, a bhí folláin ó thaobh airgeadais de roimh ghéarchéim COVID-19, i gcruachás mar gheall ar fhadhbanna leachtacha, agus go mbeidh gá dlíthiúil lena gceadúnas oibriúcháin a chur ar fionraí nó a chúlghairm, nó ceadúnas sealadach a dheonú ina ionad. I gcomhthéacs na géarchéime reatha, tá baol ann go gcruthófaí ualach riaracháin nach bhfuil gá leis agus gan buntáiste soiléir eacnamaíoch ná sábháilteachta a bheith i gceist leis. Ar an ábhar sin, chuir an Coimisiún Eorpach an oibleagáid fhoirmiúil seo le haghaidh Ballstát ar fionraí, maidir le measúnuithe ar tugadh fúthu faoi Airteagal 9 (1), go dtí 31 Nollaig 2021, fad is nach bhfuil baol sábháilteachta ann agus gur dócha, go réadúil, go mbainfear atógáil shásúil airgeadais amach taobh istigh de 12 mhí.

Le linn na tréimhse sin, bhí oibleagáid ar Bhallstáit i gcónaí monatóireacht a dhéanamh ar oiriúnacht airgeadais a n-aeriompróirí le paisinéirí a chosaint ar rioscaí sábháilteachta iomarcacha agus le go mbeidís ábalta faisnéis ábhartha a chur ar fáil d'údaráis sábháilteachta.

## MEASÚNÚ AR CHOMHLÍONADH ÚINÉIREACHTA AGUS RIALAITHE

Déanann an Coimisiún measúnú bliantúil ar chomhlíonadh na gceanglas úinéireachta agus rialaithe mar atá leagtha amach in Airteagal 4 (f) de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008. I rith 2021, rinneadh an cleachtadh monatóireachta bliantúil seo agus díríodh go háirithe ar shealbhóirí ceadúnais a bhí faoi thionchar na Breatimeachta. I ngach cás, bhíomar sásta gur leanadh de na ceanglais úinéireachta agus rialaithe ábhartha a chomhlíonadh.

## CÓRAS ÉIFEACHTÚIL CEADÚNAITHE A OIBRIÚ

I rith 2021, ghlac an Fhoireann ceadúnaithe páirt i roinnt cruinnithe agus ceardlann mar chuid de thionscadal digitithe níos leithne a raibh sé mar aidhm aige an chaoi a n-oibrímid a athrú ó bhonn agus ligean do gach próiseas iarratais agus monatóireachta ar cheadúnas aistriú go córas digiteach. Déanfar tuilleadh dul chun cinn ar an obair sin mar chuid den chumasc beartaithe idir an Coimisiún agus an Rannóg um Rialáil Sábháilteachta d'Údarás Eitlíochta na hÉireann agus ar aon dul leis na hAidhmeanna Straitéiseacha a aithníodh don eagraíocht nua.

Chomh maith, leanamar orainn ag obair go dlúth lenár gcomhghleacaithe in Údarás Eitlíochta na hÉireann ar cheisteanna ceadúnaithe aeriompróirí de réir an chomhaontaithe comhroinnte faisnéise atá againn faoi láthair. Táimid ag tnúth leis an gcumasc atá beartaithe idir an Coimisiún agus an Rannóg um Rialáil Sábháilteachta d'Údarás Eitlíochta na hÉireann a bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh éifeacht fhoirmiúil leis in 2022.

In Eanáir 2022, d'eisíomar féilire comhlíonta do shealbhóirí ceadúnais, féilire a tharraingíonn aird ar na dátaí comhlíonta is tábhachtaí le linn na bliana, chun cabhrú leo leis na riachtanais éagsúla faisnéise a thiocfaidh chun cinn in 2022. Tá achoimre san fhéilire ar na riachtanais mhonatóireachta agus chomhlíonta uile a thiocfaidh chun cinn agus eolas faoin bhfaisnéis a bhfuiltear ag súil léi maidir le gach aighneacht. Chomh maith leis sin, cuirtear liosta ar fáil de na himeachtaí a mbíonn cead an Choimisiúin ag teastáil roimh ré ina leith nó ar gá iad a fhógairt don Choimisiún roimh ré. Áirítear leis an mbileog achoimre faisnéise freisin ainm an duine teagmhála a d'ainmnigh gach cuideachta le bheith ina theagmhálaí leis an gCoimisiún maidir le gach ceist a bhaineann le monatóireacht chomhlíontachta.

## ATHBHREITHNIÚ AR RIALACHÁN (CE) UIMH. 1008/2008 (RIALACHÁN AERSHEIRBHÍSÍ)

In Iúil 2019 d'fhoilsigh an CE Doiciméad Oibre d'Fhoireann an Choimisiúin faoi Mheastóireacht i dtaca le Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008. Cuireadh an tionscnamh seo ar fionraí in 2020, áfach, de bharr phaindéim COVID-19. I mí na Samhna 2021, d'fhoilsigh an CE gairm ar fhianaise do Mheasúnú Tionchair ag lorg aiseolais agus bhí comhairliúchán poiblí beartaithe don chéad ráithe de 2022. Leanfaidh an Coimisiún ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtí sa réimse seo agus rannchuideoidh sé de réir mar is iomchuí.

## CEADUITHE UM LÁIMHSEÁIL AR AN TALAMH

Bhí naoi gcinn de láimhseálaithe féinseirbhíse ceadaithe ar an talamh ann (.i. nuair a dhéanann an aerlíne rogha go soláthróidh sí féin seirbhísí láimhseála ar an talamh di féin) ag deireadh 2021 agus bhí 37 soláthraí seirbhísí láimhseála ceadaithe ar an talamh ann nó láimhseálaithe ceadaithe tríú páirtí (.i. cuideachta atá i mbun seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar, cibé acu an aerlíne nó cuideachta thiomanta láimhseála ar an talamh atá inti). As na láimhseálaithe féinseirbhíse ceadaithe, tá trí cinn acu sin ceadaithe chomh maith chun seirbhísí láimhseála ar an talamh a chur ar fáil do thriú páirtithe. Tá liosta iomlán suas chun dáta de na sealbhóirí ceada ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Léirítear sa Chairt thíos anailís ar líon na láimhseálaithe féinseirbhíse ceadaithe agus soláthraithe na seirbhísí láimhseála ar an talamh de réir aerfoirt.

### Cairt 5: Láimhsealaithe ceadaithe de réir cineáil agus Aerfoirt 2021




Le linn 2021, fuair an Coimisiún trí iarratas nua ar cheadú mar láimhseálaí féinseirbhíse/soláthraí seirbhísí láimhseála ar an talamh. Eisíodh ceaduithe do na cuideachtaí seo a leanas le linn na bliana:

| Ainm na Cuideachta | Suíomh an Aerfoirt | Cineál ceadaithe |
|---|---|---|
| Exolum Aviation Ireland Limited | Baile Átha Cliath | Soláthraí seirbhísí láimhseála ar an talamh |
| Heli Service International GmbH | Corcaigh | Soláthraí seirbhísí láimhseála ar an talamh |
| Amapola Flyg AB | Baile Átha Cliath, Corcaigh, An tSionainn | Láimhseáil Féinseirbhíse |

Bhí iarratas amháin a cuireadh isteach ar dtús ag deireadh 2020, fós á bhreithniú ag deireadh 2021.

Géilleadh Ceaduithe Féinseirbhíse a bhí i seilbh Stobart Air UC agus Babcock Mission Critical Services (Ireland) Limited go deonach le linn 2021 tar éis scor d'aershheirbhísí san dá chás. Ina theannta sin, géilleadh go deonach na ceaduithe láimhseála tríú páirtí a bhí i seilbh Menzies Aviation (Ireland) Limited, Exolum Aviation Ireland Limited agus Boeing Ireland Limited mar gheall ar easpa oibríochtaí/ionchas de thoradh na paindéime COVID-19.

Le linn na bliana, scrúdaigh agus cheadaigh an Coimisiún iarratas ó DHL Express (Ireland) Limited chun an ceadú a bhí aige cheana féin a leasú le go bhféadfaí seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar in Aerfort Chorcaí.


Eisítear ceaduithe ar feadh tréimhse cúig bliana. Rinne an Coimisiún sé cinn de cheaduithe a athnuachan in 2021 nuair a cuireadh an próiseas athnuachana i gcrích go sásúil agus déantar achoimre ar an ngníomhaíocht sin thíos, de réir an chineáil ceadaithe:

### Tábla 3: Athnuachaintí Láimhseála ar an Talamh 2021 de réir cineáil

| Cineál Ceadaithe | Líon na n-iarratas ar athnuachan a próiseáladh |
|---|---|
| Ceadú Láimhseála Féinseirbhíse (i.e. aerlínte láimhseála féinseirbhíse) | 2 |
| Ceadú Tríú Páirtí (.i. soláthraithe seirbhísí láimhseála ar an talamh) | 4 |
| Ceaduithe Láimhseála Féinseirbhíse agus Ceaduithe tríú páirtí araon (.i. aerlínte láimhseála féinseirbhíse a sholáthraíonn seirbhísí láimhseála ar an talamh d'aerlínte eile) | 0 |

Mar a luadh thuas, ba í 2021 comóradh fiche bliain an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta. Léiríonn an chairt thíos forás an tionscail láimhseála ar an talamh in Éirinn sa tréimhse sin.

**Cairt 6: Láimhseálaithe ar talamh ceadaithe laistigh den Stát**




## CÓRAS ÉIFEACHTÚIL CEADÚNAITHE A OIBRIÚ

I rith na bliana, cuireadh na sealbhóirí ceadaithe ar fad faoi mhonatóireacht rialta chun comhlíonadh na Rialachán go léir maidir le hoiriúnacht airgeadais agus clúdach árachais, go háirithe, a chinntiú.

Ghlac an fhoireann Ceadúnaithe páirt i roinnt cruinnithe agus ceardlann mar chuid de thionscadal digitithe níos leithne a raibh sé mar aidhm aige an chaoi a n-oibrímid a athrú ó bhonn agus ligean do gach próiseas iarratais agus monatóireachta ar cheadúnas aistriú go córas digiteach. Déanfar tuilleadh dul chun cinn ar an obair sin mar chuid den chumasc beartaithe idir an Coimisiún agus an Rannóg um Rialáil Sábháilteachta d'Údarás Eitlíochta na hÉireann agus ar aon dul leis na hAidhmeanna Straitéiseacha a aithníodh don eagraíocht nua.

Go luath in 2022, eisíodh féilire comhlíonta do gach sealbhóir ceadúnaithe ina ndírítear aird ar na dátaí is tábhachtaí le linn na bliana ó thaobh an chomhlíonta de. Bhí achoimre san fhéilire ar na riachtanais mhonatóireachta agus chomhlíonta uile a thiocfaidh chun cinn agus ar an bhfaisnéis a bhfuiltear ag súil léi maidir le gach aighneacht. Chomh maith leis sin, tugtar meabhrú ann faoi na himeachtaí a mbíonn ceadú an Choimisiúin ag teastáil roimh ré ina leith nó ar gá iad a fhógairt don Choimisiún roimh ré. Áirítear leis an mbileog achoimre faisnéise freisin ainm an duine teagmhála a d'ainmnigh gach cuideachta le bheith ina theagmhálaí leis an gCoimisiún maidir le gach ceist a bhaineann le monatóireacht chomhlíontachta.

I gcomhréir le Rialachán 18 de I.R. Uimh. 505 de 1998, rinneamar iniúchadh ar na tuairisceáin bhliantúla staidrimh a chuir aerfort Bhaile Átha Cliath, aerfort Chorcaí agus aerfort na Sionainne isteach i gcomhair 2020 le déanamh cinnte go raibh an fhaisnéis a bhí iontu cruinn maidir le líon agus ainmneacha na láimhseálaithe féinseirbhíse agus na soláthraithe seirbhísí láimhseála ar an talamh atá ag feidhmiú sa mhargadh. Mar chuid den iniúchadh bliantúil sin, seiceáiltear go bhfuil na cuideachtaí ábhartha a oibríonn sa mhargadh ceadaithe sna catagóirí cearta seirbhísí a dtugann siad fúthu.

## AG OBAIR LE HAERFOIRT

Leanamar ar aghaidh ag obair le haerfoirt chun feabhas a chur ar shocruithe monatóireachta do láimhseálaithe ar an talamh agus ar chomhlíonadh forfheidhmithe na Rialacha Iompair. Cuireadh tús in athuair le cruinnithe sa réimse seo i rith na bliana agus reáchtáladh iad go fíorúil mar gheall ar shrianta leanúnacha COVID-19 a bheith i bhfeidhm.

Sular cuireadh deireadh leis na srianta taistil i mí Iúil 2021, d'eisigh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta, Údarás Eitlíochta na hÉireann agus na haerfoirt doiciméad faisnéise do láimhseálaithe ar an talamh inar leagadh amach roinnt gnéithe tábhachtacha agus iad ag ullmhú chun filleadh ar an tseirbhís. Rinneadh plé sa doiciméad seo ar thopaicí amhail oiliúint foirne, plean um fhilleadh ar an tseirbhís do threalamh, agus gnéithe ábhartha sláinte agus sábháilteachta/slándála.

Tá sé beartaithe againn leanúint leis an obair thábhachtach sin le haerfoirt le linn 2022.

## BUNRIALACHÁN NUA EASA (AE) 2018/1139

I Meán Fómhair 2018, tháinig an Rialachán nua do EASA agus do chóras eitlíochta na hEorpa (Rialachán (AE) 2018/1139) i bhfeidhm. Cuimsíonn an Rialachán nua ceanglais maidir le soláthar sábháilte seirbhísí láimhseála ar an talamh.

Tá obair á déanamh ag leibhéal Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh chun rialacha cur chun feidhme a fhoilsiú, rialacha a mbeidh sé de cheanglas ar láimhseálaithe ar an talamh cloí leo. Is é Údarás Eitlíochta na hÉireann an t-údarás inniúil don Bhun-Rialachán nua. Beidh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta agus Údarás Eitlíochta na hÉireann ag obair le chéile air sin toisc go mbeidh gá le breathnú ar an dóigh a mbeidh na rialacha cur chun feidhme, a luaithe a fhoilseofar iad, ag teacht leis an gcóras láimhseála ar an talamh atá ann cheana in Éirinn agus leis an bpróiseas Ceaduithe atá á riar ag an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta.

Cuireadh tús in athuair le cruinnithe ar leibhéal Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh le linn 2021 tar éis stop a bheith curtha leo de bharr phaindéim COVID-19 agus leanadh den obair ar na rialacha cur chun feidhme.

Beidh gá le tuilleadh rannpháirtíochta sa réimse seo agus tá sé beartaithe oibriú i dtreo treoirlínte agus próiseas forfheidhmithe a fhorbairt i dtaca le neamhchomhlíonadh de réir mar a théann obair ar leibhéal Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ar aghaidh.

# 4

# Ceadúnú do Thrádáil Taistil



**Josephine O'Reilly**
Stiúrthóir Airgeadais

Ag ullmhú do chumasc an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta le Rannóg um Rialáil Eitlíochta d'Údarás Eitlíochta na hÉireann, le linn 2021 aistríodh freagracht as Ceadúnú Trádála Taistil ó Josephine O'Reilly go Adrian Corcoran (Stiúrthóir na Margaí agus an Bheartais Tomhaltóirí). Is í Josephine an Stiúrthóir Airgeadais anois.

## NA RUDAÍ A DHÉANAIMID

Is iomaí ról atá ag an gCoimisiún sa réimse seo, mar seo a leanas:

1) Ceadúnais a eisiúint do ghníomhairí taistil agus tionscnóirí turas atá bunaithe in Éirinn agus a bhfuil gnó acu i dturais thar lear a cheannach agus a dhíol.

2) Scéim bannaithe a riar do ghníomhairí taistil agus tionscnóirí turas atá bunaithe in Éirinn.

3) An Ciste Cosanta Taistealaithe (a tógadh trí thobhach a ghearradh ar phaisinéirí tionscnóirí turas idir 1983 agus 1987) a riar. Ní bhaineann sé sin ach le gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas ceadúnaithe amháin.

4) Éilimh maidir le haisíocaíochtaí agus aisdúichiú a phróiseáil i gcás nach féidir le gnó rialaithe a chuid dualgais a chomhlíonadh. Baineann sé seo le héilimh faoin scéim bannaithe chomh maith leis an scéim nóta creidmheasa aisíocaíochta a tugadh isteach mar bheart sealadach in 2020.

5) Cinntiú go gcomhlíonann eagraithe atá bunaithe laistigh den AE, a dhíolann nó a chuireann ar fáil pacáistí agus socraithe taistil cuidithe in Éirinn, an riachtanas chun an Coimisiún a chur ar eolas faoi na nósanna imeachta slándála atá i bhfeidhm acu.

6) Cinntiú go gcuireann eagraithe atá bunaithe laistigh den AE, a dhíolann nó a chuireann pacáistí agus socraithe taistil cuidithe ar fáil in Éirinn, árachas ar fáil dá ndíolachán in Éirinn.

7) Imscrúdú a dhéanamh ar chásanna de thrádáil mhídhleathach líomhnaithe agus ionchúiseamh a dhéanamh nuair is gá.

## FICHE BLIAIN AG CEADÚNÚ TRÁDÁLA TAISTIL

Ghlac an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta na freagrachtaí rialála don Trádáil Taistil ón Roinn Fiontar Poiblí ar 27 Feabhra 2001. Níor tháinig aon athrú ar na rátaí bannaí cosanta custaiméirí de 4% agus 10% ó shin nó ó tugadh isteach den chéad uair iad i 1983. Inár gcéad bhliain d'eisíomar 419 ceadúnas, 70 d'Oibreoirí Turais agus 349 do Ghníomhaire Taistil. Le fiche bliain anuas táimid tar éis dul i ngleic le níos mó ná 75 cuideachta ar theip orthu. Tá go leor athruithe feicthe againn ó 2001, le tabhairt isteach na treorach taistil láneagraithe athbhreithnithe, tionchar 9/11, scamall luaithe na hÍoslainne agus le déanaí Covid-19. Faoi láthair cuirimid ceadúnas ar fáil do 161 gnólacht.

## CEADÚNÚ AGUS BANNÚ

Eisítear ceadúnais do ghníomhairí taistil agus tionscnóirí turas atá bunaithe in Éirinn agus a bhfuil gnó acu i dturais thar lear a cheannach agus a dhíol. De ghnáth, déanann formhór dhíolacháin aonáin an sainmhíniú ar chonradh taistil thar lear de réir an Achta Iompair (Tionscnóirí Turais agus Gníomhairí Taistil), 1982, a chomhlíonadh. I gcásanna a mbíonn díolacháin acu nach ndéanann an sainmhíniú sin a shásamh, ach arb é atá i gceist leo ná taisteal lánáirithe/socruithe taistil gaolmhara faoin Acht um Shaoirí Réamháirithe agus an Trádáil Taistil, 1995, cuirtear cosaint faoi leith ar an dócmhainneacht ar fáil don Choimisiún.

Bíonn dhá bhabhta cheadúnaithe againn gach bliain, ceann i mí na Bealtaine agus ceann eile i mí na Samhna.

Bhí ceadúnas faighte ag 161 cuideachta taistil ón gCoimisiún faoi dheireadh 2021 chun feidhmiú mar ghníomhaire taistil nó mar thionscnóir turas in Éirinn. Bhí idir cheadúnas gníomhaire taistil agus cheadúnas tionscnóra turas ag cuid acu sin.


**Tábla 4: Líon Ceadúnas 2021**

| | Gníomhairí Taistil | Tionscnóirí Turas | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Sealbhóirí ceadúnais, 1 Eanáir 2021 | 157 | 24 | 181 |
| Ceadúnais Nua | 4 | 2 | 6 |
| Ceadúnais nár athnuadh | 7 | 3 | 10 |
| Sealbhóirí ceadúnais, 31 Nollaig 2021 | 154 | 23 | 177 |

Le linn na bliana, d'fhág 8 ngnólacht an margadh go hiomlán agus níl siad ceadúnaithe níos mó. Ní dhearna dhá ghnólacht eile a gceadúnas Oibreora Turais a athnuachan. Ag deireadh na bliana, bhíomar fós i dteagmháil le cúig ghnólacht (maidir le hathnuachan a gcuid ceadúnas). Theip ar cheithre ghnólacht i rith na bliana.

D'eisíomar cúig cheadúnas do sé iarratasóir nua agus fuaireamar 43 iarratas maidir le ceadúnas nua le linn na bliana.

**Cairt 5: Gníomhairí Taistil agus Oibreoirí Turais Ceadúnaithe**




Mar atá le feiceáil thuas, tá líon na gceadúnas a eisítear ag laghdú le blianta beaga anuas. Le trasuíomh Threoir an AE 2015/2302 in 2019, níl orainn ceadúnas a thabhairt ach do chuideachtaí a bunaíodh in Éirinn.

De dheasca na srianta leanúnacha paindéime. Cuireadh ár bplean cuairte ar áitribh ar athló. Táimid i ndiaidh a bheith ag plé go leanúnach lenár sealbhóirí ceadúnais agus le comhlachtaí ionadaíochta go cianda.

## PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Bíonn dhá bhabhta ceadúnaithe ann gach bliain (Bealtaine agus Samhain). Leagtar amach na príomhtháscairí feidhmiochta a bhaineann leis na babhtaí seo sa tábla thíos.

**Tábla 6: Táscairí Feidhmíochta 2021**

| ETF | Toradh |
|---|---|
| Freagra a thabhairt d'iarratasóirí taobh istigh de sheachtain amháin ón teagmháil tosaigh | 99% |
| Litir 'Cinneadh i bPrionsabal' eisithe laistigh de mhí amháin ó dháta taiscthe an iarratais chomhlánaithe | 97% |
| Ceadúnais eisithe laistigh de choicís tar éis an bhanna/na ndoiciméad go léir a fháil | 91% |
| Iniúchadh ar na cuntais bhliantúla laistigh de shé seachtaine tar éis iad a fháil | 64% |
| Céatadán d'áitribh ceadúnaithe ar tugadh cuairt orthu in aghaidh na bliana (cruinnithe ag an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta san áireamh) | N/B |

Tá feabhas léirithe ag na ETFanna againn in 2021 in ainneoin na ndúshlán leanúnach atá le sárú ag an tionscal. Rinneamar ár bpróisis a nuashonrú chun dul i ngleic leis an bpaindéim agus chaitheamar níos mó ama ag obair le sealbhóirí ceadúnais agus iniúchadh á dhéanamh againn ar a gcúinsí airgeadais, a gcuid riachtanas maidir le bannú agus ar an scéim nóta creidmheasa aisíocaíochta nua.

## AONÁIN ATÁ BUNAITHE I MBALLSTÁT EILE

Dheimhníomar go raibh urrús i bhfeidhm do dhá eagraí atá bunaithe i mBallstát eile, a chuireann ar a gcumas trádáil in Éirinn.

Ós rud é gur sinne pointe lárnach teagmhála na hÉireann faoi Threoir (AE) 2015/2302, tá freagraí tugtha againn ar cheisteanna ó Bhallstáit eile maidir leis an urrús atá ann d'aonáin in Éirinn.

## AONÁIN ATÁ BUNAITHE TAOBH AMUIGH DEN AONTAS EORPACH

Tá urrús faighte againn ó 11 eagraí atá bunaithe taobh amuigh den AE, a chuireann ar a gcumas trádáil in Éirinn. Tá na sonraí iomlána ar ár suíomh gréasáin.

## SOCRUITHE TAISTIL GAOLMHARA Á N-ÉASCÚ AG TRÁDÁLAITHE

Fuaireamar urrús ó dhá aerlíne atá bunaithe in Éirinn, a rinneamar a dhearbhú, i dtaca le pacáistí taistil/ socruithe taistil gaolmhara a dhíol san AE.

## MONATÓIREACHT AIRGEADAIS

Déantar measúnú ar oiriúnacht airgeadais gach gnólachta mar chuid den phróiseas ceadúnaithe, atá faoi réir monatóireacht leanúnach chomh maith. Mar gheall ar thionchar COVID-19 ar an tionscal, d'oibríomar go dlúth le gach sealbhóir ceadúnais lena leachtacht a mheas agus é ag tabhairt aghaidh ar thionchar chomh tromchúiseach sin ar a staid airgeadais.

Déantar monatóireacht leanúnach chomh maith ar na leibhéil bhannaithe agus déantar monatóireacht bhreise i roinnt cásanna. Leanamar de bheith solúbtha chun ligean do ghnólachtaí a leibhéil bhannaithe a laghdú chun titim i ndíolacháin a rabhthas ag súil léi a chur san áireamh.

Faighimid idir ráitis bhliantúla airgeadais agus cuntais bhainistíochta ar bhonn ráithiúil, míosúil nó ar bhonn ad hoc.

Maidir le haonáin taobh amuigh den chóras ceadúnaithe, .i. aonáin atá bunaithe taobh amuigh den AE, déanaimid measúnú ar a n-oiriúnacht airgeadais chomh maith. Tá gnólachtaí mar sin faoi réir ag monatóireacht airgeadais chomh maith, ach ag leibhéal níos ísle. Is mar sin atá cúrsaí toisc go bhfuil árachas lánslánaíochta á chur ar fáil acu dá ndíolacháin Éireannacha.

## COMHLÍONADH MONATÓIREACHTA

Rinneamar 5 ghearán a fhiosrú i 2021 maidir le trádáil neamhcheadúnaithe a d'fhéadfadh a bheith ann.

## COSAINT TOMHALTÓIRÍ

### Tábla 7: Láimhdeachas faoi Cheadúnú agus Bannú

| Aonáin Cheadúnaithe | 2021 (€m) | | 2020 (€m) | |
|---|---|---|---|---|
| | Banna | PLTO | Banna | PLTO |
| Gníomhaire Taistil (4%) | 14 | 345 | 22 | 542 |
| Tionscnóir Turas (10%) | 14 | 143 | 11 | 112 |
| Iomlán | 28 | 488 | 33 | 654 |

Léirítear sa tábla thuas an laghdú mór ar dhíolacháin réamh-mheasta agus ar bhannaí sa bhliain.

Faoin reachtaíocht reatha atá ann, tá ceanglas ar ghníomhairí taistil, tionscnóirí turas, miondíoltóirí agus eagraithe socruithe a chur i bhfeidhm a thugann cosaint don phobal atá ag taisteal má bhíonn cliseadh ann.

Caithfidh aonáin cheadúnaithe banna a chur ar fáil. Déantar an banna a ríomh mar chéatadán de láimhdeachas incheadúnaithe tuartha an ghnólachta. Faoi láthair, tá na bannaí socraithe ag 4% do ghníomhairí taistil agus ag 10% do thionscnóirí turas. Maidir le gach cás eile den taisteal lánáirithe nó de shocruithe taistil gaolmhara, nuair is rud é go gcuirtear tús leis an taisteal in aon Bhallstát eile de chuid an AE, cuireann siad urrús breise ar fáil don Choimisiún as na díolacháin mar árachas lánslánaíochta.

Sa chás nach gclúdaíonn an banna costas na n-éileamh uile, clúdaítear an t-easnamh leis an gCiste Cosanta Taistealaithe. Ní bhaineann sé sin ach le haonáin cheadúnaithe agus ní ach leis na díolacháin atá acu a shásaíonn an sainmhíniú ar chonradh taistil thar lear faoi mar atá san Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982 (arna leasú). Ag deireadh 2021, b'ionann an ciste agus €1.2m. Le tosú COVID-19 agus líon na gclistí a bhí ag tarlú, chuir an Roinn Iompair airgead leis an gciste lena chinntiú go bhfuil an leibhéal cosanta á fháil ag tomhaltóirí a éilítear faoin Treoir.

Is fiú a lua gur dearadh an banna agus an Ciste Cosanta Taistealaithe chun conarthaí taistil thar lear a chlúdach. Dá bharr sin, caithfear gné thaistil a bheith mar chuid den áirithint, agus caithfear imeacht ó Éirinn a bheith ansin. Ní chlúdaítear a lán seirbhísí nach mbaineann leis an taisteal, árachas taistil, iarratais víosa agus lóistín ina measc.

Maidir le trádálaithe atá bunaithe in Éirinn atá ag déanamh éascaíocht ar shocruithe taistil gaolmhara san AE, caithfidh siad árachas lánslánaíochta a chur ar fáil don neamhchosaint sin.

Maidir le haonáin atá bunaithe in áiteanna eile san AE, tá an chosaint tomhaltóra atá ann i gcomhréir leis na riachtanais atá ag an mBallstát sin den AE.

Maidir le haonáin atá bunaithe taobh amuigh den AE, caithfidh siad siúd árachas lánslánaíochta a chur ar fáil don Choimisiún le haghaidh taisteal lánáirithe nó socruithe taistil gaolmhara ar bith atá ar díol nó a dhíoltar in Éirinn.

Chuir an Coimisiún tús le hathbhreithniú i 2017 ar na socruithe maidir le bannú atá i bhfeidhm agus ar fheidhmiú an Chiste Cosanta Taistealaithe lena chinntiú go raibh siad fós ag comhlíonadh chuspóirí na scéime go héifeachtúil agus go raibh leibhéal cuí cosanta á chur ar fáil don phobal atá ag taisteal.

Sa bhliain 2019, nuair a bhí trasuíomh Threoir 2015/2302 curtha i gcrích, chuamar ar aghaidh leis an athbhreithniú sin agus is é an deireadh a bhí leis ná gur eisigh an Coimisiún Páipéar 9/2019 an Choimisiúin, Bearta Cosanta Tomhaltóirí na Trádála Taistil – Comhairle don Roinn Iompair. De bharr na paindéime in 2020 agus in

2021 níor cuireadh an obair sin chun cinn a thuilleadh. Tá sé beartaithe againn leanúint ar aghaidh leis an obair sin i gcomhar leis an Roinn in 2022.

## CLISTÍ CUIDEACHTAÍ

Chlis ceithre chuideachta in 2021, agus rinneadh éilimh in aghaidh a mbanna agus an Chiste Cosanta Taistealaithe, dá bharr. Seo a leanas na mionsonraí:

- DK Travel ar an 12 Feabhra 2021. Fuaireamar 44 éileamh.
- Joe Walsh Pilgrim Tours ar an 27 Aibreán 2021. Fuaireamar 2,836 éileamh.
- McGuill Travel Ltd ar an 05 Deireadh Fómhair 2021. Fuaireamar 55 éileamh.
- Brady Travel ar an 27/10/2021. Fuaireamar 35 éileamh.

Is léiriú é sin ar na deacrachtaí leanúnacha a bhí ag an tionscal le linn na bliana. Cheapamar foireann bhreise oibre chun líon chomh mór éileamh a bhainistiú. Bhain dúshlán leis seo mar go raibh orainn an próiseas a bhainistiú agus muid ag obair go cianda.

## SCÉIM NÓTA CREIDMHEASA AISÍOCAÍOCHTA

Leis an Acht um Shaoirí Réamháirithe agus an Trádáil Taistil, 1995, tugtar an ceart do thaistealaithe aisíocaíocht a fháil ar gach íocaíocht nuair a chuireann an taistealaí nó an t-eagraí saoire réamheagraithe ar ceal mar gheall ar thosca dosheachanta agus eisceachtúla. Is é sin mar a bhí i gcás COVID-19, agus bhí deacrachtaí ann ó thaobh sreabhadh airgid de sa tionscal taistil dá bharr. In 2020 chuir an Rialtas beart gearrthéarmach i bhfeidhm dar teideal Scéim Nóta Creidmheasa Aisíocaíochta. Bunaíodh an scéim faoin Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, Rialacháin (Eisíocaíochtaí as an gCiste), 2020. Tá sí ar fáil go fóill do ghníomhairí taistil agus tionscnóirí turas, agus í ceadúnaithe ag an gCoimisiún, nuair a chlúdóidh an nóta creidmheasa aisíocaíochta díolacháin a chomhlíonann an sainmhíniú ar chonradh taistil thar lear, i gcás inar cuireadh an conradh sin ar ceal mar thoradh díreach ar an bpaindéim.

Cuireann an scéim ar chumas custaiméirí glacadh go deonach le Nóta Creidmheasa Aisíocaíochta in ionad aisíocaíochta airgid, chun saoire eile a chur in áirithe san am atá le teacht lena ngníomhaire taistil nó tionscnóir turas. Tugann an Nóta Creidmheasa Aisíocaíochta cosaintí tábhachtacha don chustaiméir. Más rud é go n-éireoidh gníomhaire taistil nó tionscnóir turas dócmhainneach, tá an Nóta Creidmheasa Aisíocaíochta faoi ráthú an Rialtais.

## EGFATT

Tá an Coimisiún ina bhall de Chumann Eorpach na gCistí Ráthaíochta don Taisteal agus Turasóireacht. Is eagraíocht uile-Eorpach é seo a bunaíodh in 2011, agus a bhfuil mar chomhsprioc aige an pobal atá ag taisteal a chosaint ar dhócmhainneacht airgeadais tionscnóirí turas agus gníomhairí taistil agus faisnéis agus dea-chleachtas a roinnt. D'fhreastalaíomar ar chruinniú fíorúil i mbliana. Thug na comhaltaí an t-eolas is déanaí maidir le clistí ina dtír féin, an stádas a bhí ag baint le cistí cosanta custaiméirí éagsúla, forbairtí ó tugadh isteach Treoir 2105/2302 agus bearta a cuireadh i bhfeidhm chun dul i ngleic le hiarmhairtí COVID-19.

## BREATHNÚ AR AGHAIDH

Bliain ghnóthach eile a bheidh ann don fhoireann in 2022. Déanfaimid maoirseacht ar dhá bhabhta ceadúnaithe agus leanfaimid orainn ag cinntiú go bhfuil an tslándáil riachtanach ag eagraithe atá ag díol agus ag tairiscint taistil réamháirithe agus socruithe taistil cuidithe in Éirinn/san AE. Dúnfaimid próiseas na n-éileamh do na clistí nach raibh curtha i gcrích ag deireadh na bliana agus leanfaimid ar aghaidh ag obair le páirtithe leasmhara chun cásanna de thrádáil neamhdhleathach líomhnaithe a fhiosrú. Déanfaimid ár bpróisis agus ár nósanna imeachta a shimpliú agus a chuíchóiriú a thuilleadh agus tá sé beartaithe againn dul i mbun oibre i gcomhar leis an Roinn Iompair maidir le socruithe cosanta tomhaltóirí.

# 5

# Cearta Aerphaisinéirí

Ag ullmhú do chumasc an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta le Rannóg um Rialáil Eitlíochta d'Údarás Eitlíochta na hÉireann, le linn 2021 aistríodh freagracht as Cearta Aerphaisinéirí ó David Hodnett go Adrian Corcoran (Stiúrthóir na Margaí agus an Bheartais Tomhaltóirí).

Bhain an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta 20 bliain ar an bhfód amach in 2021. Le linn na bhfiche bliain sin tháinig méadú ar shainchúram an Choimisiúin de réir mar a tarmligeadh freagrachtaí rialála breise dó. Áiríodh leis na hathruithe sin ról an Chomhlachta Náisiúnta Forfheidhmithe i dtaca le dhá Rialachán um Chearta Aerphaisinéirí, EC261/2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás bordála a dhiúltú agus i gcás cealú nó moill fhada ar eitiltí, agus CE1107/2006 maidir le cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteachta laghdaithe agus iad ag taisteal san aer.

Sna blianta ó tháinig na rialacháin sin i bhfeidhm tá méadú seasta tagtha ar líon na gceisteanna agus na ngearán gaolmhar atá faighte ag an gCoimisiún. In 2020, phlé an fhoireann um Chearta Aerphaisinéirí le líon mór gearán agus ceisteanna mar gheall ar an gcur isteach forleathan gan choinne, a tharla de dheasca na mbeart a glacadh chun scaipeadh SARS-CoV-2 (COVID-19) a rialú.

De réir mar a lean na srianta sin ar aghaidh, bhí líon na bpaisinéirí, ar a dtáinig laghdú de 78% in 2020, mall ag teacht chuige féin in 2021, agus 69% níos ísle go fóill ná 2019. Mar sin féin, in ainneoin an laghdaithe sin ar phaisinéirí, bhí líon na ngearán agus na gceisteanna a fuair an Coimisiún gar don mheánráta réamh-Covid-19 in 2019, rud a thugann le fios go bhfuil méadú tagtha ar fheasacht an phobail maidir lenár ról.

Léiríonn an Tábla thíos an chaoi ar tháinig athrú ar líon na bpaisinéirí a iompraítear trí phríomhaerfoirt na hÉireann thar na blianta a raibh ról ag an gCoimisiún i gCearta Tomhaltóirí. Léiríonn sé freisin líon na ngearán a fuarthas a raibh imscrúdú de dhíth orthu i ngach bliain féilire.

### Tábla 8: Líon paisinéirí agus gearán stairiúil


| Bliain | Paisinéirí ar iompraíodh iad | Gearáin | |
|---|---|---|---|
| | Ón bPríomh-Oifig Staidrimh | CE261/2004 | CE1007/2006 |
| 2005 | 25,478,548.00 | 130 | 0 |
| 2006 | 29,037,906.00 | 181 | 0 |
| 2007 | 31,011,519.00 | 143 | 0 |
| 2008 | 30,845,101.00 | 186 | 4 |
| 2009 | 26,868,861.00 | 139 | 14 |
| 2010 | 23,398,088.00 | 241 | 2 |
| 2011 | 23,473,421.00 | 545 | 5 |
| 2012 | 23,703,599.00 | 509 | 9 |
| 2013 | 24,714,820.00 | 789 | 11 |
| 2014 | 26,422,215.00 | 727 | 8 |
| 2015 | 29,695,346.00 | 719 | 9 |
| 2016 | 32,785,383.00 | 846 | 9 |
| 2017 | 34,485,813.00 | 981 | 5 |
| 2018 | 36,571,825.00 | 2,218 | 19 |
| 2019 | 38,101,960.00 | 1,560 | 13 |
| 2020 | 8,311,746.00 | 4,468 | 4 |
| 2021 | 9,100,000* | 1,477 | 2 |

Líon Paisinéirí – An Phríomh-Oifig Staidrimh.
Gearáin – An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta.

In 2021 fuair an fhoireann um Chearta Aerphaisinéirí an líon is airde ceisteanna agus gearán sa chéad ráithe den bhliain mar go raibh deacrachtaí ag paisinéirí a raibh súil acu taisteal ag deireadh 2020 aisíocaíochtaí a fháil d'eitiltí a cuireadh ar ceal. D'fhan líon na bpaisinéirí íseal agus tháinig líon na ngearán agus na gceisteanna ar ais go dtí leibhéil réamhphaindéimeacha mar gheall ar shrianta leanúnacha agus éiginnteacht faoi shrianta taistil.

Léirítear sa Chairt thíos na gearáin agus na ceisteanna a fuarthas gach mí agus miondealú de réir an chineáil déanta orthu.

## Cairt 7: Gearáin agus Ceisteanna de réir Cineáil





Mar a bhí i gceist sna blianta roimhe seo, bhain sciar de na ceisteanna le nithe taobh amuigh dár sainchúram ach in áit na ngearán maidir le bagáiste agus na gceisteanna maidir le praghsanna a fhaighimid de ghnáth, bhaineadar i mbliana:

- le haisíocaíochtaí nuair nach raibh daoine ábalta taisteal ar eitiltí oibríochta mar gheall ar shrianta taistil;
- faisnéis mhíthreorach a chuir roinnt aerlínte ar fáil, lena n-áirítear fógraí cealúcháin a sheoladh chuig paisinéirí agus an fógra a chealú ina dhiaidh sin agus an eitilt a oibriú, rud a bhí ina chúis le hanacair, míchaoithiúlacht agus, in go leor cásanna, caillteanas airgeadais do phaisinéirí; agus
- deacrachtaí ag an aerfort ag eascairt as na dálaí taistil atá fós an-athraitheach ar fud an domhain, lena n-áirítear moilleanna gan choinne agus mearbhall ar phaisinéirí agus aerlínte araon maidir le cad iad na rialacha a bhaineann go hiarbhír le paisinéirí aonair a dhéanann turais shonracha.

Ar an iomlán, chuireamar comhairle ar níos mó ná 2,340 duine maidir lena gcearta ar an nguthán nó ar an ríomhphost. Má bhain a gceist le nithe taobh amuigh dár sainchúram, threoraíomar iad chuig an údarás inniúil ábhartha. Ba é líon na ndaoine a chuir ceisteanna poist agus ríomhphoist isteach ná 1,140 (3,479 in 2020) agus tháinig laghdú ó 4,342 go 1,200 ar líon na nglaoiteoirí gutháin.

### Cairt 8: Gearáin de réir Cineáil agus Toraidh




Sa bhliain 2021, baineadh úsáid as ár bhfoirmeacha gearáin ar líne le 1515 gearán a chur isteach, 1477 leis an bhfoirm le haghaidh gearán faoi CE261/2004 agus 38 le foirm le haghaidh gearán faoi CE1107/2006. Ba laghdú 66.7% é seo ar na gearáin a cuireadh isteach i gcomparáid le 2020, laghduithe de 67% agus 55% de réir an chineáil gearáin faoi seach.

## CEALUITHE, MOILLEANNA, DAOINE NÁR TUGADH CEAD DÓIBH DUL AR BORD AGUS ÍOSGHRÁDÚ

Bhí líon na ngearán a fuarthas in 2021 níos ísle ná mar a bhí in 2020, le srianta taistil leanúnacha agus laghdú suntasach ar líon na bpaisinéirí ag taisteal ar aerárthach. Bhain formhór na ngearán seo go fóill le haisíocaíochtaí as costas eitiltí a cuireadh ar ceal.

Bhí roinnt aerlínte go fóill ag cur moill ar aisíocaíochtaí a íoc le paisinéirí nó ag cur paisinéirí ar an eolas go mícheart faoina gcearta. Bhí gá le hidirghabháil an Choimisiúin chomh maith chun cuidiú le paisinéirí nach bhfuair a n-aisíocaíocht ar bhealach a bhí ag teacht leis an rialachán.


De réir mar a cuireadh deireadh le srianta taistil, chonaiceamar méadú ar chásanna ina bhféadfadh cúiteamh a bheith iníoctha leis na paisinéirí in éagmais imthosca neamhghnácha.

### Tábla 9: Gearáin de réir Cineáil

| Cineál Gearáin | Líon na nGearán | Líon na nGearán Bailí | % na nGearán ina n-iomláine |
|---|---|---|---|
| Cealuithe | 1298 | 924 | 88% |
| Moill fhada | 109 | 69 | 7% |
| Diúltú ligean ar bord | 69 | 22 | 5% |
| Íosliú céime | 0 | 0 | 0% |
| Uasghrádú | 1 | 0 | 0% |
| Iomlán | 1477 | 1015 | 100% |

Le himscrúdú tosaigh fuarthas go raibh 462 as na 1,477 gearán CE261/2004 a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin in 2021 gan bhunús. Léiríonn an Chairt seo a leanas miondealú ar na cúiseanna.

### Cairt 9: Gearáin a Tarraingíodh Siar nó Nár Ceadaíodh de réir Cúise




Fágadh mar sin go raibh 1,015 gearán bailí san iomlán a raibh gá le himscrúdú iomlán agus gníomh forfheidhmiúcháin ina leith.

Faoin 3 Feabhra 2021, bhí tromlach na ngearán bailí sin, 897 as 1,015, réitithe leis an aerlíne, agus i bhfabhar an phaisinéara. Ar an iomlán, tá fiosrúchán curtha i gcrích ag an bhfoireann um Chearta Aerphaisinéirí i gcás 1,379 as na 1477 gearán (CE) 261/2004 a fuarthas in 2021. Tá fiosrúchán i dtaca leis an 98 gearán eile ar siúl go fóill. Fuarthas os cionn €579,000 in aisíocaíochtaí tar éis ár n-idirghabhála agus íocadh cúiteamh €35,000 sa bhreis le custaiméirí i dtaca le 897 gearán bailí a tugadh chun críche.

### Tábla 10: Torthaí Gearán de réir an Chineáil Gearáin

| Toradh | Cealuithe | Moill | Diúltú ligean ar bord | Íosghrádú & Uasghrádú | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Cúiteamh agus Aisíocaíocht nó Costais | 12 | 1 | 3 | 0 | 16 |
| Cúiteamh (agus é sin amháin) | 9 | 19 | 3 | 0 | 31 |
| Dúblach | 38 | 2 | 2 | 0 | 42 |
| Imthosca Eisceachtúla agus Sárú | 0 | 4 | 0 | 0 | 4 |
| Imthosca Eisceachtúla (agus iad sin amháin) | 6 | 13 | 1 | 0 | 20 |
| Sárú (agus é sin amháin) | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| Nár Ceadaíodh | 150 | 23 | 38 | 0 | 211 |
| Aisíocaíocht nó Costais amháin | 122 | 2 | 1 | 0 | 125 |
| Aisíocaíocht nó Costais agus Imthosca Eisceachtúla | 701 | 4 | 2 | 0 | 707 |
| Seasta leis ach Do-fhorghníomhaithe | 8 | 3 | 2 | 0 | 13 |
| Tarraingthe siar | 186 | 15 | 7 | 1 | 209 |
| Iomlán | 1233 | 86 | 59 | 1 | 1379 |

Ryanair (44%) agus Aer Lingus (26%) a bhí i gceist le tromlach na ngearán a fuarthas agus bhain an 30% eile de ghearáin le 52 aerlíne eile. Tá 96% de na gearáin a bhain le Ryanair agus 97% de na gearáin a bhain le hAer Lingus curtha i gcrích agus leagtar amach na torthaí sa tábla thíos.

### Tábla 11: Torthaí Gearán de réir Aerlíne

| Aerlíne | Líon Iomlán na nGearán 2021 | Líon na nGearán a Cuireadh i gCrích | Líon na nGearán a Ceadaíodh | Na Gearáin i gCoinne na hAerlíne a Ceadaíodh (%) | Na Gearáin nár Ceadaíodh | Fiosruithe fós ar bun |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ryanair | 647 | 619 | 427 | 69% | 192 | 28 |
| Aer Lingus | 387 | 375 | 243 | 65% | 132 | 12 |
| TAP Portugal | 90 | 75 | 54 | 72% | 21 | 15 |
| KLM | 33 | 33 | 17 | 52% | 16 | 0 |
| Lufthansa | 28 | 25 | 13 | 52% | 12 | 3 |
| Turkish Airlines | 25 | 24 | 7 | 29% | 17 | 1 |
| British Airways | 25 | 22 | 11 | 50% | 11 | 3 |
| Air France | 24 | 22 | 16 | 73% | 6 | 2 |
| Iberia | 23 | 21 | 14 | 67% | 7 | 2 |
| Qatar Airways | 17 | 16 | 7 | 44% | 9 | 1 |
| Blue Air | 17 | 17 | 15 | 88% | 2 | 0 |
| Vueling | 13 | 8 | 7 | 88% | 1 | 5 |
| Etihad | 11 | 8 | 4 | 50% | 4 | 3 |
| SAS | 10 | 10 | 6 | 60% | 4 | 0 |
| Aeroflot | 9 | 9 | 7 | 78% | 2 | 0 |
| Virgin Atlantic Airlines | 8 | 6 | 2 | 33% | 4 | 2 |
| Air Canada | 8 | 8 | 7 | 88% | 1 | 0 |
| Air Transat | 8 | 8 | 4 | 50% | 4 | 0 |
| Ethiopian Airlines | 7 | 6 | 3 | 50% | 3 | 1 |
| Norwegian Airlines | 7 | 6 | 3 | 50% | 3 | 1 |
| 34 eile | 80 | 61 | 30 | 49% | 31 | 19 |
| **Iomlán** | **1477** | **1379** | **897** | **65%** | **482** | **98** |

Bhí 1,122 fiosrúchán (CE) 261/2004 ar an iomlán ó bhlianta roimhe seo fós ar siúl chomh maith, agus mar sin bhí 2,569 gearán gníomhach ann in 2021.

## DAOINE FAOI MHÍCHUMAS LUAINEACHTA

I dtaca leis na 38 gearán a cuireadh isteach agus foirm ghearáin Rialacháin (CE) 1107/2006 á húsáid, ní raibh ach dhá cheann le ceisteanna arbh fhéidir déileáil leo faoin rialachán sin. Bhain 36 eile go príomha le nithe nár tháinig faoi shainchúram an Choimisiúin agus, in deich gcás, bhí an fhoirm chontráilte comhlánaithe ag an bpaisinéir agus atreoraíodh iad go foirm (CE) 261/2004.

I dtaca leis an dá ghearán bhailí eile ar theastaigh fiosrúchán uathu, tharraing an paisinéir ceann amháin siar ina dhiaidh sin. Baineann an gearán eile a fuarthas in 2021 le teagmhas a raibh tionchar aige ar dhuine faoi mhíchumas folaithe ar bord aerárthaigh. Tá gearán amháin a cuireadh isteach in 2020 fós á imscrúdú chomh maith.

Cé nach raibh sé indéanta fós iniúchtaí fisiceacha a dhéanamh ar aerfoirt, bhí cruinnithe fíorúla againn le hionadaithe údaráis aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus na Sionainne chun ceisteanna a phlé i dtaca le cúnamh a sholáthar ag na haerfoirt sin, do dhaoine faoi mhíchumas luaineachta.

## OBAIR EILE

D'fhreastalaíomar go cianda ar chruinnithe go náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus bhíomar páirteach iontu. Bhain na cruinnithe leis an dá rialachán, mar aon le tionchar agus bainistiú na paindéime víreasaí i rith an ama. Bhí cruinnithe ag an gCoimisiún Eorpach, ag an Roinn Iompair agus ag an gComhdháil Eorpach um Eitlíocht Shibhialta i measc na gcruinnithe sin.

Tá an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta i mbun cumaisc le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann agus bhí cuid mhór oibre le déanamh i rith 2020 ina leith sin, lena n-áirítear oibriú chun réiteach TF nua maidir le gearáin agus fiosrúcháin ó phaisinéirí a fhorbairt.

I mBealtaine 2019, d'ordaigh an Coimisiún do Ryanair cúiteamh a íoc le cúigear paisinéir ar cuireadh a n-eitiltí ar ceal de bharr stailceanna phíolótaí Ryanair in Iúil 2018. Rinne Ryanair achomharc in aghaidh an chinnidh trí mheán iarratas a dhéanamh ar Athbhreithniú Breithiúnach. Rinneadh an t-ábhar a liostáil le héisteacht leis os comhair na hArd-Chúirte ar an 21 Eanáir 2020. Thug an Breitheamh Miriam O'Regan a breithiúnas sa chás sin ar an 12 Feabhra 2020 i bhfabhar an Choimisiúin; sheas sí lenár bpróisis imscrúdaitheacha agus leis na hargóintí dlíthiúla ar a mbunaíodh ár gcinneadh sna cásanna sin. Rinne Ryanair an cinneadh sin a achomharc chuig an gCúirt Achomhairc. Éisteadh leis an gcás ar an 15 Aibreán agus scoireadh den achomharc agus rinneadh ordú costais i bhfabhar an Choimisiúin. Tá an bunchúiteamh íoctha anois leis na paisinéirí. Níl costais an Choimisiúin íoctha fós ag Ryanair.

# 6

# Seirbhísí Corparáideacha



**Brian Higgins**
Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha

Tá Brian Higgins ina chomhalta de Chartered Institute for Personnel and Development (Institiúid Chairte um Pearsanra agus Forbairt) agus thosaigh sé ag obair don Choimisiún i mí Iúil 2016 mar Stiúrthóir ar Sheirbhísí Corparáideacha. Roimhe sin, bhí gairm bheatha aige sna hAcmhainní Daonna agus san Oibríocht sa mhonarú, san airgeadas agus san eitlíocht. Tá sé freagrach as acmhainní daonna, rialachas corparáideach, sláinte agus sábháilteacht, saoráidí, bainistíocht TFC agus caidreamh poiblí.

## ACMHAINNÍ DAONNA

Bhí 25 ball foirne i gcoibhéis lánaimseartha ar an meán fostaithe ag an gCoimisiún in 2021 (féach an aguisín). Íoctar baill foirne ag rátaí ar féidir a chur i gcomparáid go díreach le poist sa tSeirbhís Phoiblí agus tá na rátaí ar fad ceadaithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá formhór fhostaithe an Choimisiúin ag obair go cianda ó thús mhí an Mhárta 2020 mar gheall ar COVID-19. Lean líon beag den fhoireann ag obair inár n-oifig ar bhonn uainíochta chun tacú leo siúd a oibríonn go cianda. Ina thaobh sin, chuir an Coimisiún deiseanna solúbtha oibre ar fáil nuair a bhí imthosca eisceachtúla ann agus tá na deiseanna sin á gcur ar fáil fós.

Chuir an Coimisiún Céim 2 dá Phlean don Lucht Saothair i gcrích, a cuireadh isteach in 2019 agus tuilleadh acmhainní á lorg aige, a d'fhaomh an Roinn Iompair agus an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe. Tugadh chun críche an próiseas earcaíochta do na róil sin le linn an dara ráithe de 2021.

Tá an Coimisiún tiomanta do dheiseanna Foghlama agus Forbartha a chur ar fáil dá bhfostaithe, a thacaíonn lena chuspóirí straitéiseacha. Cuireadh an chuid is mó de na deiseanna seachtracha Foghlama agus Forbartha in 2021 ar feitheamh, agus cuireadh Plean Foghlama agus Forbartha nuashonraithe i bhfeidhm nuair a bhí seans againn i rith na bliana. Meastar go bhfillfimid ar phlean níos traidisiúnta in 2022.

Chuir an rannóg acmhainní daonna sa Choimisiún Clár Folláine le haghaidh fostaithe i gcrích i rith 2021 a bhí thar a bheith fiúntach d'oibrithe cianda. Mar chuid den chlár, bhí gníomhaíochtaí ann a bhain le Folláine Coirp agus Cothú, Meabhairshláinte, Caidreamh agus Neartú, Freagracht Shóisialta agus Foghlaim. Is é is cuspóir don chlár seo agus do chláir amach anseo dualgas cúraim a sholáthar d'fhostaithe ina n-aonar agus i dteannta a chéile agus na huirlisí riachtanacha agus an tacaíocht riachtanach a chur ar fáil chun folláine dhearfach fostaithe a neartú, rud a thacaíonn lenár gcuspóirí straitéiseacha. Glacadh go maith leis an gclár, agus leanfar ar aghaidh le tionscnaimh folláine in 2022.

## SCÉIMEANNA AOISLIÚNTAIS

Oibríonn an Coimisiún dhá scéim pinsin. Bunaíodh scéim le sochar sainithe faoin Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. Ón 1 Eanáir 2013, bíonn ar fhostaithe nua dul isteach i Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (mura gceadaítear dóibh dul isteach i scéim an Choimisiúin le sochar sainithe). Déantar an dá scéim pinsin a riar de réir na riachtanas reachtúla agus tá na fostaithe gníomhacha atá ann faoi láthair roinnte 70/30 idir Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí agus an Scéim le Sochar Sainithe, faoi seach.

## SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

In 2021, leanamar orainn ag déanamh athruithe ábhartha ar na nósanna imeachta aslonnaithe, ar mheasúnú riosca agus ar phrótacail sábháilteachta i gcomhréir le comhairle sláinte poiblí agus le Beartas an Rialtais. Mhol an Coimisiún do bhaill fhoirne, ar bhonn leanúnach, an scaradh fisiciúil a chur i bhfeidhm. Leis sin a bhaint amach, baineadh úsáid as comharthaíocht agus póstaeir chuí COVID-19, cuireadh Trealamh Cosanta Pearsanta ar fáil agus cuireadh iallach ar gach ball foirne cianobair a dhéanamh, diomaite de na baill foirne siúd a bhí ag tabhairt tacaíocht riachtanach don Choimisiún. Leanfaimid de chleachtais shábháilte a chur chun cinn san oifig agus déanfaimid cinnte go gcloífear lenár ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta agus leis na forálacha reachtacha maidir leis an tsláinte phoiblí in 2022.

## SEACHFHOINSIÚ AGUS SOLÁTHAR

Lean an fhoireann Seirbhísí Corparáideacha ar aghaidh lena cuid feidhmeanna riaracháin nach feidhmeanna lárnacha iad a sheachfhoinsiú. Bhain na feidhmeanna sin leis an iniúchóireacht inmheánach, le baill fhoirne shealadacha a earcú, le caidreamh leis na meáin agus le tacaíocht FT agus párolla. San am céanna, bhí ról gníomhach ag an bhfoireann ó thaobh seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar agus a bhainistiú.

Is é is sprioc don fhoireann Seirbhísí Corparáideacha soláthraithe seirbhíse a fháil, a bhfuil cleachtais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ar bun acu, agus seirbhísí ardchaighdeáin cost-éifeachtúla a thairiscint. Úsáideann an fhoireann creatlaí na hOifige um Sholáthar Rialtais, seirbhísí ríomhthairisceana agus praghsáil iomaíoch de réir mar is cuí chun amhlaidh a dhéanamh. Cuirtear soláthar an Choimisiúin i gcrích ar aon dul le riachtanais na hEarnála Poiblí mar atá leagtha amach inár mbeartais agus inár nósanna imeachta. Leanann feidhm na Seirbhísí Corparáideacha le hathbhreithniú a dhéanamh ar a creataí reatha Oifige um Sholáthar Rialtais agus ar chomhaontuithe seirbhíse eile agus le hathruithe a chur i bhfeidhm de réir mar is cuí.

Tá nósanna imeachta soláthair an Choimisiúin i gcomhréir le treoirlínte agus treoracha náisiúnta agus AE, nuair is cuí. De bharr luach thromlach na gconarthaí, is gnách feidhm a bheith ag na treoirlínte náisiúnta. Tá plean soláthair ag an gCoimisiún, ina leagtar amach na réimsí ina meastar go mbeidh seirbhísí á gcur amach ar tairiscint.

## TFC

Bhain ríthábhacht le rathúlacht ár dtionscadail um ascnamh néil agus uasghrádú crua-earraí chun a chinntiú go gcoimeádfadh an Coimisiún leanúnachas gnó le linn 2021 agus amach anseo. Lean an Coimisiún le nuashonrú a dhéanamh ar a bheartais agus a nósanna imeachta slándála agus córais, rinne sé iniúchtaí córais agus tástálacha treáite agus feidhmíonn sé de réir na bprótacal cibearshlándála is airde. Coinníonn an Coimisiún rátáil shásúil a eascraíonn as na próisis mheastóireachta seo. Comhlánóidh agus éascóidh an infheistíocht ar fad go dtí seo inár gcórais ár n-aistriú mar chuid den chlár um Athchóiriú Rialála.

## ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA, 2003

Tá an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta liostaithe mar chomhlacht poiblí sa Chéad Sceideal d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Mar sin de, ceanglaítear orainn cloí le forálacha díreacha an Achta agus Scéimeanna Teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Tugtar eolas sa Scéim Teanga faoin tslí a ndéanfaimid soláthar seirbhísí Gaeilge a fheabhsú agus a ndéanfaimid bearta chun baill den phobal a chur ar an eolas gur féidir leo leas a bhaint as ár seirbhísí trí mheán na Gaeilge, thar thréimhse ama comhaontaithe. Chuige sin, tá síniú ríomhphoist na mball foirne dátheangach anois, tugtar an t-eolas maidir le hiarratais Saorála Faisnéise a chur isteach sa dá theanga, agus tá ár suíomhanna gréasáin leasaithe sa dóigh is go bhfuil sé soiléir gur féidir gearáin a bhaineann le Cearta Aerphaisinéirí a dhéanamh i gceachtar den dá theanga. Táimid ag druidim le deireadh chlár oibre scéime teanga reatha an Choimisiúin a rachaidh in éag in 2022 i gcomhréir leis an gclár um Athchóiriú Rialála.

## SAORÁIDÍ

Bhí ár n-ídiú fuinnimh agus ár leibhéal gníomhaíochta in 2021 i bhfad níos ísle, agus shábhálamar airgead ar chostais fuinnimh agus ar dhiúscairt comhshaoil dá bharr sin. Leanamar lenár mbeartas a chur i bhfeidhm chun ídiú fuinnimh a laghdú trí shoilse agus trealamh a chasadh as nuair nach raibh siad in úsáid. Faigheann an Coimisiún táirgí atá tíosach ar fhuinneamh agus neamhdhíobhálach don chomhshaol ó sholáthraithe tríú páirtí.

In 2022, táimid ag súil le múnla oibre hibrideach a ghlacadh ina bhfeicfear cothromaíocht idir obair oifige agus cianobair, ar cheart dó coigilteas fuinnimh agus comhshaoil a sholáthar i rith na bliana agus an clár Athchóirithe Rialála á chur chun cinn againn.

## ÉAGSÚLACHT AGUS COMHIONANNAS

Fostóir comhdheiseanna is ea an Coimisiún nach ndéanann idirdhealú i gcoinne daoine bunaithe ar inscne, aois, cine, dath, náisiúntacht, bunadh eitneach nó náisiúnta, reiligiún, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, míchumas nó comhaltas den lucht siúil. Tá an Coimisiún tiomanta do chur chuige réamhghníomhach maidir le tionscnaimh éagsúlachta agus chuimsithe agus leanfaidh sé le hathbhreithniú a dhéanamh ar a chuid beartas agus cleachtas maidir leis an éagsúlacht agus an cuimsiú in 2022. Déanfaidh sé amhlaidh trí mheasúnú fianaise-bhunaithe ar shaincheisteanna comhionannais agus cearta daonna ag an gCoimisiún mar chuid de chlár um Athchóiriú Rialála níos leithne. Déanann an Coimisiún imeachtaí agus plé a eagrú i gcónaí a bhaineann le himeachtaí idirnáisiúnta don cheartas sóisialta, rudaí amhail Lá Idirnáisiúnta na mBan agus Bród. Tá an Coimisiún ag tnúth le forbairt a dhéanamh ar na tionscnaimh sin agus tionscnaimh amach anseo.

## COSAINT SONRAÍ

Tá ár nOifigeach Cosanta Sonraí cláraithe le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí i gcomhréir lenár bhfreagrachtaí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2016/679, arna fhorlíonadh ag an Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Déanann ár nOifigeach Cosanta Sonraí na polasaithe agus nósanna imeachta a bhfuil gá leo a éascú, déanann sé monatóireacht orthu agus cuireann sé i bhfeidhm iad lena chinntiú go gcloítear leis an reachtaíocht ábhartha maidir le Cosaint Sonraí. Bhí an Coimisiún réidh don chianobair sular tháinig an phaindéim agus bhí sé ábalta a oibleagáidí rialála a chomhlíonadh agus san am céanna slándáil sonraí agus próiseáil sonraí a chur chun cinn i gcomhréir leis an RGCS agus leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí don chaighdeán is airde sa rialachas corparáideach a choimeád. Cloíonn sé leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, i gcás inarb infheidhme é sin d'eagraíocht dá mhéad. Ar an ábhar gurb é an duine cuntasach, tá an Coimisinéir freagrach don Aire Iompair as rialachas corparáideach maith. Chun tacú leis sin tá comhaontú maoirseachta againn leis an Roinn Iompair a ndéantar athbhreithniú air gach bliain. Bhí dhá chruinniú againn le linn na bliana le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcomparáid leis an bplean straitéiseach atá againn.

### Tábla 12: Achoimre ar Rialachas Corparáideach

| | |
|---|---|
| Cód Iompair an Choimisiúin | Tá Cód Iompair ag an gCoimisiún do na fostaithe. |
| Luacháil Infheistíochta | Níor thabhaigh an Coimisiún aon chaiteachas caipitil in 2021 a tháinig laistigh den raon gníomhaíochtaí a beartaíodh i dtreoirlínte 2005 na Roinne: Treoirlínte maidir le Breithmheas agus Bainistiú Tograí Caiteachais Chaipitil san Earnáil Phoiblí. |
| Luach saothair Bhainisteoirí Sinsearacha agus Táillí Stiúrthóra | Tugtar an t-eolas don réimse seo sa chuid den doiciméad seo a bhaineann leis na hacmhainní daonna. Níl feidhm ag íocaíocht tháillí an stiúrthóra. |
| Socruithe Tuairiscithe | Déanann an Coimisiún tuarascálacha a ullmhú don Aire Iompair de réir mar is gá. Tá córas iomlán forbartha cuntasaíochta ag an gCoimisiún, a chuireann tuarascálacha mionsonraithe míosúla bainistíochta agus airgeadais ar fáil don bhainistíocht shinsearach. Glacaimid le Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102 chun ár gcuntasaíocht a dhéanamh. Déanaimid ár gcuntais a ríomh ar chóras cuntasaíochta fabhraithe ach amháin má thugtar a mhalairt le fios sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na ráitis sin. Tá bearta curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun cloí leis an dualgas go gcoinneofaí leabhair chuí chuntais. Coinnítear iad sin san aon oifig amháin atá aige. |
| Pleanáil Straitéiseach agus Chorparáideach | Tá feidhmeanna agus freagrachtaí an Choimisiúin leagtha amach sa reachtaíocht seo a leanas: an tAcht Eitlíochta, 2001; an tAcht um Aerfoirt Stáit, 2004; an tAcht Eitlíochta, 2006; an tAcht um Aerfoirt Stáit (Grúpa na Sionainne), 2014 agus in Ionstraimí Reachtúla éagsúla. Tuairiscíonn an Coimisiún gach bliain don Aire Iompair ar an dóigh a ndearnadh na feidhmeanna sin a chomhlíonadh sa bhliain roimhe sin. Cé gur chuireamar tús le comhairliúchán chun ár bplean straitéiseach 2017-2019 a leathnú i gcomhar leis an gclár um Athchóiriú Rialála, níor thugamar an próiseas sin chun críche i bhfianaise an tionchair a bhí ag COVID-19 ar chuid mhór gnéithe dár gcuid oibre agus an ghá a bhí lenár n-iarrachtaí a athdhíriú le linn na tréimhse sin. |
| Polasaí Taistil | Cloíonn an Coimisiún le riachtanais an Rialtais maidir le polasaí taistil. |
| Leasanna a Nochtadh | Éilítear ar an gCoimisinéir, a chuid foirne, agus na sainchomhairleoirí uile cloí leis na riachtanais ábhartha nochta a eascraíonn as Alt 18 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus Ailt 17-18 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. |
| Bainistíocht maidir le Riosca | Coinníonn an Coimisiún clár riosca a ndéanann lucht na bainistíochta sinsearaí athbhreithniú air go rialta agus oibrítear i gcomhar leis an gcoiste iniúchóireachta d'fhonn rioscaí a bhainistiú. |

## TRÉDHEARCACHT

Cuireann an Coimisiún a chuid feidhmeanna i gcrích ar bhealach atá chomh trédhearcach agus is féidir. Foilsítear gach doiciméad a bhaineann le comhairliúcháin ar ár suíomh gréasáin (tá liosta le haghaidh 2021 san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo). Ó Mhárta 2012 ar aghaidh, tá nótaí foilsithe ag an gCoimisiún ar a shuíomh gréasáin go ráithiúil, nótaí ina bhfuil na horduithe ceannaigh atá os cionn €20,000 sonraithe. Fuair an Coimisiún ocht n-iarratas ar Shaoráil Faisnéise agus cúig iarratas ar Rochtain ó Dhaoine is Ábhar do na Sonraí, agus d'fhreagair sé 38 Ceist Pharlaiminte i rith na bliana.

## ATHCHÓIRIÚ RIALÁLA

Le linn 2021, d'oibrigh an Coimisiún i gcomhar leis an Roinn Iompair agus le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an bpróiseas athchóirithe rialála, próiseas a mbeidh cumasc an Choimisiúin agus na Rannóige um Rialáil Sábháilteachta d'Údarás Eitlíochta na hÉireann mar thoradh air. Foilsíodh an Bille um Aer-Loingseoireacht agus Aer-Iompar ar an 4 Nollaig 2020 agus cuirfear ar aghaidh é san Oireachtas, lena thabhairt chun críche in 2022. Ceapadh Diarmuid O'Conghaile ina Phríomhfheidhmeannach ainmnithe ar Údarás Eitlíochta na hÉireann in Eanáir 2021, le freagracht as an údarás rialála nua a bhunú, agus leanfaimid ag obair go dlúth ar dhíscaoileadh comhuaineach an Choimisiúin agus ar bhunú an rialtóra nua.

## BREATHNÚ AR AGHAIDH

Leanfaimid orainn ag cinntiú go bhfuil struchtúr, córais agus próisis na heagraíochta ag teacht ina n-iomláine lenár gcuspóirí straitéiseacha chun seirbhís éifeachtúil agus éifeachtach a sholáthar dár bpáirtithe leasmhara, go háirithe don phobal atá ag taisteal. Leanfaimid orainn ag obair leis an Roinn Iompair agus lenár gcomhghleacaithe in Údarás Eitlíochta na hÉireann ar an tionscadal athchóirithe rialála in 2022.

Leanfaimid orainn ag éascú na nuálaíochta inár bpróisis agus inár modheolaíocht, lena chinntiú go ndéanfar na róil, an t-eolas agus an saineolas ceart a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil chun tacú le creat rialála a fhreagraíonn don dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr agus chun tacú lenár gcuspóirí straitéiseacha.

# 7

# Faisnéis Airgeadais



**Josephine O'Reilly**
Stiúrthóir Airgeadais

Is ball de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte in Éirinn í Josephine O'Reilly. Thosaigh sí ag obair don Choimisiún in 2001 agus is Stiúrthóir Airgeadais í. Chomh maith leis sin, tugann sí tacaíocht do na rannáin trádála taistil, ceadúnaithe aerlíne agus láimhseála ar an talamh.

Tháinig méadú de 22.6% ar ghlanioncam in 2021, go €4.33m. Lenár dtobhach ó 2021, rinneamar foráil don tacaíocht chomhairleach sheachtrach i dtaca leis an gCinneadh Muirear Aerfoirt, samhaltú comhordaithe sliotáin agus tréimhse thagartha 3. Is é seo an chuid is mó den Ioncam Tobhaigh méadaithe

Tharla ceithre chlis in earnáil na trádála taistil le linn na bliana, agus mar thoradh air sin d'athghearramar €68k ar an gCiste Cosanta Taistealaithe chun ár gcostas don obair sin a aisghabháil. Ghearramar €151k ar Údarás Eitlíochta na hÉireann chomh maith chun costais a bhaineann leis an obair ullmhúcháin cumaisc a aisghabháil. Léirítear é sin inár n-ioncam eile de €219k.

Tháinig ardú 5.8% ar an gcaiteachas iomlán sa bhliain go €3.9m. Mhéadaigh costais foirne de bharr acmhainní méadaithe mar ullmhúchán don chumasc le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann agus soláthar seirbhísí corparáideacha don eagraíocht nua. Tháinig méadú ar an gcaiteachas comhairleoireachta mar gheall ar obair ar chinneadh na dtáillí aerfoirt agus léiríodh é sin sa tobhach méadaithe, mar atá leagtha amach thuas. Rinneadh gach caiteachas lánroghnach a íoslaghdú arís i mbliana mar fhreagra ar COVID-19.

Bhí Barrachas de €451k don bhliain go dtí 31/12/2021 ag an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta, i gcomparáid le Caillteanas de €133k don bhliain 2020.

Sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais, tugtar le fios go raibh €10.4 milliún i mbannaí airgid trádála taistil ann ag deireadh na bliana. Is titim de €12.9m é sin agus léiríonn sé an titim ar thrádáil san earnáil i rith na bliana. Táimid ag súil go dtiocfaidh méadú ar seo de réir mar a thagann feabhas ar an margadh i ndiaidh srianta Covid-19.

Tá méadú go €1.95m tagtha ar an easnamh ar scéim scoir an Choimisiúin amhail ar an 31 Nollaig 2021 i gcomparáid le €1.62m ar an 31 Nollaig 2020. Tharla an méadú seo mar gheall ar chomhéifeacht taithí scéime (go príomha, boilsciú tuarastail i bhfad níos mó ná mar a ceapadh) as a d'eascair ardú ar an easnamh de €730k agus athruithe toimhde de bharr athruithe ar choinníollacha airgeadais as a dtáinig ardú breise ar an easnamh de €324k. Mar fhritháireamh ar an dá fhachtóir sin bhí an fheidhmíocht infheistíochta dhearfach, a laghdaigh tionchar na bhfachtóirí sin faoi €745k. Ba é an dliteanas ar Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ná €421k ag deireadh na bliana.

## RÁITEAS AR CHÓRAS RIALUITHE INMHEÁNACHA

Tá freagracht fhoriomlán ag an gCoimisinéir as córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chaomhnú agus a fheidhmiú faoin gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta.

Tugann an fhreagracht sin aird ar na riachtanais sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal réasúnta seachas é a dhíbirt ar fad.

Chun an fhreagracht seo a chomhlíonadh ar bhealach a chinntíonn go gcomhlíontar reachtaíocht agus rialacháin, tá struchtúr eagraíochtúil bunaithe ag an gCoimisinéir le nósanna imeachta soiléire oibriúcháin agus tuairiscithe, línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, leithscaradh dualgas agus údarás tarmligthe.

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca ag an gCoimisiún a fheidhmíonn faoi chairt i scríbhinn atá ceadaithe ag an gCoimisinéir agus a bhfuil triúr comhaltaí seachtracha ann, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu, agus duine acu mar Chathaoirleach. Tháinig an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca le chéile ceithre huaire le linn 2021.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an gCoimisiún freisin, a dhéantar a sheachfhoinsiú. Bíonn obair na hiniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí a bhfuil an Coimisiún nochta dóibh, agus bíonn pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar an anailís sin agus aontaithe leis an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca. Cuirtear gach tuarascáil iniúchóireachta inmheánaí faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca.

Tá polasaí um bainistiú riosca forbartha ag an gCoimisiún a leagann amach an inghlacthacht riosca atá aige, a léiríonn na próisis bainistithe riosca atá i bhfeidhm agus a shonraíonn róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca.

Tá deimhnithe ag an gCoimisinéir, sna Dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2021, go ndearna an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais maidir leis an rialú inmheánach airgeadais agus leis an mbainistíocht riosca.

Déanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha gach bliain.

## INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH

Crowe atá mar iniúchóirí inmheánacha ag an gCoimisiún faoi láthair. Ceapadh an gnólacht i mí Lúnasa 2020, óir tháinig an gnólacht roimhe sin, BDO, chuig deireadh théarma a chonartha. Mairfidh conradh Crowe go dtí 31 Lúnasa 2023 (agus tá rogha ann síneadh bliana a chur leis). Feidhmíonn an tiniúchóir inmheánach faoi threoir a fhaightear ó Choiste seachtrach um Iniúchóireacht agus Riosca. In 2021, rinne na hiniúchóirí inmheánacha trí iniúchadh:

- Athbhreithniú Calaoise
- Iniúchadh Slándála TFC
- Athbhreithniú ar Rialuithe Airgeadais Inmheánacha

## AN COISTE UM INIÚCHÓIREACHT AGUS RIOSCA

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca le linn 2021. Ag gach cruinniú, thug an Coimisinéir an t-eolas is déanaí don Choiste maidir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin, obair idir lámha agus ceisteanna lárnacha. D'fhreastail príomhbhaill den fhoireann bhainistíochta ar na cruinnithe de réir mar ba ghá agus ba chuí. D'fhreastail na hiniúchóirí neamhspleácha inmheánacha ar na cruinnithe ar bhonn rialta freisin chun an t-eolas is déanaí a thabhairt don Choiste maidir leis an bplean iniúchóireachta agus na tuarascálacha ábhartha iniúchóireachta. Níor sonraíodh aon cheisteanna maidir le córas rialaithe inmheánach an Choimisiúin i dtuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le haghaidh 2021.

Chuir baill foirne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an gnólacht ar iasacht, Mazars, a gcuid oibre i gcrích go fiorúil, agus bhuail siad leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca i mí na Nollag 2021 lena gcuid oibre agus torthaí a phlé.

## ÍOCAÍOCHT PHRAS NA GCUNTAS

Aithníonn an Coimisiún a fhreagracht maidir le cinntiú go gcomhlíontar, sna poncanna ábhartha uile, forálacha Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Íocaíochtaí déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2002 ("Na Rialacháin"). Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun na dátaí a aithint ar a bhfuil sonraisc iníoctha dlite agus chun a chinntiú go ndéanfar na híocaíochtaí ar na dátaí seo. Tugann na nósanna imeachta seo dearbhú in éadan neamhchomhlíonta ábhartha na Rialachán. Is é an polasaí íocaíochta atá againn ná cloí le riachtanais na Rialachán.

## DIÚSCAIRT SÓCMHAINNÍ AGUS ROCHTAIN AG TRÍÚ PÁIRTITHE AR SHÓCMHAINNÍ

Níl sócmhainní ar bith ag an gCoimisiún den scála agus den luach a beartaíodh faoi na treoirlínte (€150,000). Ní raibh diúscairt shuntasach sócmhainní ar bith ann le linn na bliana 2020.

## LUACHÁIL INFHEISTÍOCHTA

Níor thabhaigh an Coimisiún aon mhórchaiteachas caipitil in 2021 a tháinig laistigh den raon gníomhaíochtaí a beartaíodh i dtreoirlínte 2005 na Roinne: Treoirlínte maidir le Breithmheas agus Bainistiú Tograí Caiteachais Chaipitil san Earnáil Phoiblí.

## COMHLÍONADH CÁNACH

Tá an Coimisiún faoi dhliteanas ÍMAT, CBL agus Cánach ar Sheirbhísí Gairmiúla. Tá na tuairisceáin ábhartha chánach uile do 2021 curtha isteach ag an gCoimisiún agus cloíonn sé go hiomlán le gach coinníoll maidir le cúrsaí cánachais.

## TOBHACH

Faoi Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, féadfaidh an Coimisiún rialacháin a dhéanamh a fhorchuireann tobhach ar mhaithe le costais a tabhaíodh i gceart le linn dó a dhualgais a chomhlíonadh a chlúdach. Tá an tobhach sin iníoctha ag na catagóirí gnóthais sin a shonrófaí an Coimisiún.

Ar an 9 Nollaig 2021, rinne an Coimisiún I.R. 681 de 2021, rialachán a fhorchuireann an Tobhach do 2022. Tá an Coimisiún ag súil le hioncam €4.6 milliún a ghnóthú ón tobhach in 2022.

Bíonn an t-ioncam ó thobhach ag luainiú i gcomhréir le riachtanais mheasta chaiteachais agus riachtanais sreafaí airgid. Tá laghdú tagtha ar ioncam ó Tháillí Ceadúnais mar gheall ar ghnólachtaí ag imeacht ón margadh agus comhdhlúthú sa mhargadh. Athmhuirearú costais ar Údarás Eitlíochta na hÉireann agus ioncam ón gCiste Cosanta Taistealaithe atá i gceist leis an Ioncam Eile. Baineann an chéad cheann le ham foirne agus caiteachas eile a bhaineann leis an gcumasc le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann. Baineann an dara ceann leis na cásanna ina dtabhaíonn an Coimisiún costais de bharr riar an Chiste Cosanta Taistealaithe agus na gCuntas Bannaí, agus ina ndéanann sé na costais sin a fháil ar ais ón gciste nó ó chuntais na mbannaí. Bhí ceithre cinn de chlistí cuideachta ann in 2021. Rinneamar na costais, a bhain leis na héilimh sin a láimhseáil agus leis an gciste a riar, a aisghabháil ón mbanna agus ón gciste faoi seach.

| Tobhach | 2021 | 2020 | % Athrú |
|---|---|---|---|
| Tobhach | 4,024,408 | 3,294,723 | +22.1% |
| Táillí Ceadúnais | 100,929 | 106,888 | -5.6% |
| Ioncam Eile | 218,966 | 174,778 | 25.3% |
| Iomlán | 4,344,303 | 3,576,389 | -21.5% |

## RÁITIS AIRGEADAIS

Ar an 25 Feabhra 2021, cuireadh na dréacht-ráitis airgeadais le haghaidh 2020 faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste go ndéanfaí iniúchadh orthu. Ar an 28 Deireadh Fómhair 2021, nuair a cuireadh an t-iniúchadh i gcrích, cuireadh faoi bhráid an Aire Iompair iad. Cuireadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais iad ar an 2 Nollaig 2021 agus tá siad le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Ullmhaíodh dréacht-ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 agus cuireadh faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad ar an 28 Feabhra 2022 i gcomhair iniúchóireachta. Tugtar sliocht as na dréacht-ráitis sin thíos. Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais an ráiteas faoi na polasaithe cuntasaíochta agus na nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais, nach gcuirtear i láthair thíos ach a bheidh mar pháirt de na ráitis airgeadais deiridh a fhoilseofar.

# Dréacht-Ráiteas Ioncaim & Caiteachais

**don bhliain dar críoch an 31 NOLLAIG 2021**

| | 2021 € '000 | 2020 € '000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Ioncam Tobhaigh | 4,024 | 3,295 |
| Táillí Ceadúnais | 101 | 107 |
| Eile | 219 | 175 |
| **Ollioncam** | **4,344** | **3,576** |
| Aistriú (go)/ón gCuntas Caipitil | (15) | (45) |
| **Glanioncam** | **4,329** | **3,532** |
| **Caiteachas** | | |
| Costais Foirne | 1,723 | 1,643 |
| Costais Phinsin | 402 | 330 |
| Comhairleacht | 601 | 364 |
| Táillí Dlí | 102 | 266 |
| Cíos | 289 | 280 |
| Éascú Sceideal | 220 | 264 |
| Costais Oibriúcháin | 542 | 517 |
| | 3,879 | 3,665 |
| **(Easnamh) Oibriúcháin** | **451** | **(133)** |

# Dréacht-Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021**

| | 2021 € '000 | 2020 € '000 |
|---|---|---|
| | | |
| (Easnamh) Oibriúcháin | 451 | (133) |
| Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí a eascraíonn ó dhliteanais maidir leis an scéim sochar scoir | (731) | (17) |
| Gnóthachain (caillteanais) achtúireacha ar shócmhainní na scéime | 745 | 153 |
| Athruithe ar na boinn tuisceana i dtaobh luach reatha dhliteanais na scéime sochar scoir | (324) | (553) |
| Aistrithe isteach do sheirbhís roimhe sin | - | - |
| **Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach** | **(310)** | **(417)** |
| Caillteanais/(gnóthachain) thaithí SPSPS | 7 | (5) |
| Athruithe ar thoimhdí SPSPS | (26) | (37) |
| | **(19)** | **(42)** |
| **Coigeartú i leith maoiniú iarchurtha** | **19** | **42** |
| **Gnóthachain/(Caillteanais) Aitheanta Iomlána a bhaineann leis an mBliain Airgeadais** | **140** | **(550)** |

# Dréacht-Ráiteas ar an Staid Airgeadais

**amhail an 31 Nollaig 2021**

| | 2021<br>€ '000 | 2020<br>€ '000 |
|---|---|---|
| **Maoin, Gléasra agus Trealamh** | | |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh | 135 | 120 |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid | 12,764 | 25,147 |
| Infháltais agus Réamhíocaíochtaí | 328 | 196 |
| | **13,091** | **25,344** |
| **Creidiúnaithe (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)** | | |
| Suimeanna iníoctha agus Fabhruithe | (553) | (326) |
| Cuntais Bhannaí Airgid | (10,387) | (23,336) |
| | **(10,940)** | **(23,661)** |
| **Glansócmhainní Reatha** | **2,152** | **1,682** |
| | | |
| **Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha** | **2,287** | **1,802** |
| Glandliteanas Sochar Scoir | (1,951) | (1,622) |
| **Glansócmhainní agus Dliteanas Sochar Scoir san áireamh** | **335** | **180** |
| Lena n-ionadaítear | | |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 2,152 | 1,682 |
| Cuntas Caipitil | 135 | 120 |
| Cúlchiste Sochar Scoir | (1,951) | (1,622) |
| | **335** | **180** |

# Dréacht-Ráiteas um Athruithe ar an gCuntas Cúlchistí agus Caipitil

**amhail an 31 Nollaig 2021**

| | Ioncam agus Caiteachas Cuntas | Cuntas Caipitil | Sochar Scoir Cúlchiste | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2020** | **1,764** | **75** | **(1,155)** | **685** |
| Easnamh Oibriúcháin | (133) | | | (133) |
| Gluaiseacht le linn na bliana | - | 45 | | 45 |
| Gnóthachan Achtúireach | - | | (417) | (417) |
| Aistriú | 51 | | (51) | - |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2020** | **1,682** | **120** | **(1,622)** | **180** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2021** | **1,682** | **120** | **(1,622)** | **180** |
| Barrachas Oibriúcháin | 451 | | | 451 |
| Gluaiseacht le linn na bliana | - | 15 | | 15 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach | - | | (310) | (310) |
| Aistriú | 19 | | (19) | - |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2021** | **2,152** | **135** | **(1,951)** | **335** |

# Dréacht-Ráiteas um Shreabhadh Airgid

**don Bhliain dar gcríoch 31 Nollaig 2021**

| | 2021<br>€ '000 | 2020<br>€ '000 |
|---|---|---|
| **Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Barrachas/(Easnamh) ar Ioncam agus ar Chaiteachas | 451 | (133) |
| Difríocht idir an Costas Sochar Scoir agus Ranníocaíocht an Fhostóra | 19 | 51 |
| Dímheas | 28 | 44 |
| Ús bainc a fuarthas mar ghlanmhéid de na muirir bhainc a íocadh | 4 | - |
| Amúchadh sócmhainn chaipitil | 15 | 45 |
| (Méadú)/Laghdú ar Infháltais | (100) | (62) |
| Laghdú/(Méadú) ar Réamhíocaíochtaí | (32) | 97 |
| (Laghdú)/Méadú ar Mhéideanna Iníoctha | 203 | 37 |
| (Laghdú)/Méadú ar Fhabhruithe | 12 | 50 |
| **Glan-(Eis-sreabhadh) Airgid Ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **601** | **129** |
| **Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | |
| Ús Bainc & Muirir Bhainc a íocadh | (4) | - |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Fháil | (43) | (88) |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | **(47)** | **(88)** |
| **Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | |
| (Laghdú)/Méadú ar Chuntais Bannaí Airgid agus CCT | (12,936) | 4,597 |
| Laghdú/(Méadú) ar Airgead ar Thaisce Téarma | **-** | **1,000** |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(12,936)** | **5,597** |
| **Méadú/(Laghdú) Glan ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid** | **(12,384)** | **5,638** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir | 25,147 | 19,509 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig | 12,764 | 25,147 |

Uimhreacha slánaithe go neamhspleách; b'fhéidir nach mbeidh an toradh díreach céanna leis an iomlán.

# Aguisín

Cur i gcrích Phlean Oibre 2021 in aghaidh na bPríomhtháscairí Feidhmíochta

Páipéir an Choimisiúin agus Doiciméid Eile a Foilsíodh in 2021

Príomhtháscairí Feidhmíochta

Plean Oibre 2022

# Cur i gcrích Phlean Oibre 2021 in aghaidh na bPríomhtháscairí Feidhmíochta

## SPRIOC STRAITÉISEACH 1: SEIRBHÍSÍ AERFOIRT ATÁ ÉIFEACHTÚIL, D'ARDCHAIGHDEÁN AGUS FEASACH FAOI SHÁBHÁILTEACHT

| Cuspóir 1: Muirir éifeachtúla a shocrú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2021** | **Soláthar 2021** |
| Leanúint ar aghaidh le comhairliúchán a dhéanamh maidir leis an bpraghas rialála iomchuí i dtaca le freagra ar COVID-19. Tús a chur le haon phróiseas a mheastar a bheith cuí tar éis comhairliúcháin agus rannpháirtíochta leis an tionscal. | Comhoibriú agus teagmháil ghníomhach. Réitigh atá freagrúil agus éifeachtach. Obair a dhéanamh mar is gá ar athbhreithniú eatramhach. | Forbraíodh Athbhreithniú Eatramhach ar tháillí aerfoirt i dtaca le 2022 le linn 2021 agus foilsíodh é go déanach in 2021 tar éis comhoibriú agus rannpháirtíocht fhairsing le geallsealbhóirí. Tugadh gealltanas san athbhreithniú seo tabhairt faoi Athbhreithniú Eatramhach iomlán Bloc Tógála ar Chinneadh 2019. |
| Monatóireacht a dhéanamh ar an gcaidhp praghais, a chuireann teorainn leis an ioncam in aghaidh an phaisinéara, gur féidir le hAerfort Bhaile Átha Cliath a bhailiú ó mhuirir aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. | Ráitis faoi chaidhpeanna praghais a fhoilsiú. | Foilsíodh an caidhp praghais i mí na Nollag 2021. |
| Comhlíonadh Threoir um Muirir Aerfoirt na hEorpa a chinntiú, treoir a leagann amach na bunchaighdeáin maidir le comhairliúchán agus neamh-idirdhealú. | Oibriú le hAerfort Bhaile Átha Cliath chun measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar a struchtúr praghsanna, lena n-áirítear pleananna Aerfort Bhaile Átha Cliath muirir fuaime agus comhshaoil a ghearradh mar ghné den struchtúr sin. | Reáchtáil Aerfort Bhaile Átha Cliath a chomhairliúchán bliantúil ar mhuirir aerfoirt i mí na Nollag 2021. Bhí cainteanna ar scéimeanna téarnamh tráchta agus na muirir aerfoirt bainteach le torann a bhí molta, áirithe san athbhreithniú. |
| Rialú agus monatóireacht a dhéanamh ar an gcostas | Tuarascálacha ráithiúla a fhoilsiú ar an dul chun cinn i gcomparáid leis na hamlínte atá leagtha síos ag Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir le gach tionscadal ceadaithe atá fós le réiteach, chomh maith le caiteachas, agus an struchtúr á choigeartú | D'fhoilsíomar tuarascálacha ráithiúla ar dhul chun cinn Aerfort Bhaile Átha Cliath i gcomparáid lena phleananna Caiteachais Chaipitil. |

| Cuspóir 2: Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a mhéadú sa phróiseas cinnteoireachta | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2021** | **Soláthar 2021** |
| Leibhéal níos airde comhairliúcháin ar mhuirir agus infreastruchtúr a chur chun cinn. | An próiseas StageGate maidir le tionscadail infheistíochta caipitiúla a chur i bhfeidhm agus obair le hAerfort Bhaile Átha Cliath maidir lena struchtúr praghsanna. | Leanamar ar aghaidh leis an bpróiseas StageGate in 2021 agus chuireamar críoch leis an gcéad bhabhta den phróiseas StageGate a bhaineann le Caighdeáin Scagtha ar Bhagáiste Boilg i gCríochfort 1. Chuireamar tús chomh maith leis an gcéad bhabhta den phróiseas i dtaca le tionscadail feabhsúcháin aerpháirce. |

| Cuspóir 3: Iomaíocht a chur chun cinn agus iontráil nua a éascú | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2021** | **Soláthar 2021** |
| Paraiméadair chomhordaithe sliotán ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a fhógairt. | Anailís a chur ar bun agus dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara faoin gcur chuige a mba cheart dúinn a ghlacadh chun acmhainn an Rúidbhealaigh Thuaidh nua a fhógairt. | Rinneamar teagmháil forleathan le páirtithe leasmhara agus rinneamar anailís ar éagsúlacht cur chuige féideartha maidir le dearbhú acmhainne don Rúidbhealach Thuaidh i dtaca le cinneadh ar pharaiméadair chomhordaithe do Shamhradh 2022. |
| | Cinntí faoi pharaiméadair sliotáin Gheimhreadh 2021 agus Samhradh 2022 a fhoilsiú. | D'fhoilsíomar cinntí maidir le paraiméadar sliotáin do Gheimhreadh 2021 i mí Aibreáin, agus do Shamhradh 2022 i mí Mheán Fómhair. |
| Smachtbhannaí a fhorfheidhmiú i gcás aerlínte a mhí-úsáideann sliotán. | Smachtbhannaí mí-úsáide sliotán a thuairisciú. | Níor gearradh aon smachtbhannaí as mí-úsáid sliotán in 2021. |

| Cuspóir 4: Rialáil Feidhmíochta agus Muirir faoin Scéim maidir le hAerspás Eorpach Aonair | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2021** | **Soláthar 2021** |
| Plean feidhmíochta nua a fhorbairt d'Éirinn le haghaidh tréimhse thagartha 3 go 2024. | Anailís a dhéanamh, dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara, agus plean athbhreithnithe feidhmíochta a ullmhú d'Éirinn. | Ullmhaíodh Plean Feidhmíochta Athbhreithnithe na hÉireann le haghaidh Tréimhse Tagartha 3 in 2021 agus tar éis rannpháirtíocht fhairsing le páirtithe leasmhara, agus ag teacht leis na spriocdhátaí reachtúla, cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh agus an Chomhlachta Athbhreithnithe Feidhmíochta é. |
| Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcostas iarbhír ar an mbealach agus teirminéil i gcoinne na gcostas socraithe le haghaidh 2020 agus na rátaí aonaid beartaithe le haghaidh 2022. | Anailís a dhéanamh agus na dualgais mhonatóireachta a chomhlíonadh. | Rinneadh measúnú ar chostais Iarbhír agus Chinnte 2020 mar chuid d'fhorbairt an phlean feidhmíochta athbhreithnithe. Socraíodh Rátaí Aonaid do 2022. |

## SPRIOC STRAITÉISEACH 2:
## AERLÍNTE AGUS LÁIMHSEÁLAITHE AR AN TALAMH ATÁ SÁBHÁILTE AGUS LÁIDIR Ó THAOBH AN AIRGEADAIS DE

**Cuspóir 1: Córas éifeachtach ceadúnaithe a oibriú**

| Gníomhartha | Príomhtháscaire Feidhmíochta 2021 | Soláthar 2021 |
|---|---|---|
| Ról a ghlacadh i gcóras digiteach a fhorbairt mar chuid de chumasc an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta agus Údarás Eitlíochta na hÉireann, chun tuilleadh éifeachtúlachtaí a bhaint amach inár bpróisis cheadúnaithe. | Tascanna a chur i gcrích de réir mar is gá chun taifid a aistriú gan stró agus aistrithe a éascú. | Cuireadh i gcrích gach tasc a tháinig chun cinn i rith na bliana. Ghlac an fhoireann páirt i roinnt cruinnithe agus ceardlann chun riachtanais an chórais a shainiú. Táthar ag súil go leanfar den obair sin le linn 2022 ar aon dul leis an bplean tionscadail ábhartha atá i bhfeidhm. |
| Oibriú i ndlúthchomhar le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann agus leis na páirtithe leasmhara faoin mbealach a chinnteofar go mbeidh na rialacha feidhmithe maidir le soláthar sábháilte seirbhísí láimhseála ar an talamh faoi Rialachán nua an EASA ag teacht leis an bpróiseas um cheadú atá curtha i bhfeidhm cheana ag an gCoimisiún. | Treoirlínte agus próiseas forfheidhmithe a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh. | Cuireadh tús arís le cruinnithe le linn 2021 ag leibhéal Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, tar éis moille in 2020 mar gheall ar thosaíochtaí athraithe mar thoradh ar COVID-19, agus leanadh den obair ar na rialacha cur chun feidhme. Beidh gá le tuilleadh teagmhála le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann de réir mar a théann an obair seo ar aghaidh. |
| Leanúint ar aghaidh ag obair le haerfoirt chun creat rialála níos láidre a fhorbairt chun tacú le láimhseáil ar an talamh i dtaca le Rialacha Iompair a chomhlíonadh. | Seachadadh na nithe a aithníodh chun forfheidhmiú cuí maidir le comhlíonadh na Rialacha Iompraíochta a chinntiú. | Thosaigh cruinnithe in athuair le linn 2021 agus reáchtáladh iad go cianda mar gheall ar shrianta COVID-19 a bhí i bhfeidhm. D'oibrigh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta, Údarás Eitlíochta na hÉireann agus na hAerfoirt as lámha a chéile agus d'eisigh siad doiciméad faisnéise i gcomhpháirt le chéile do lucht láimhseála ar an talamh, doiciméad inar leagadh amach roinnt gnéithe tábhachtacha agus iad ag ullmhú le filleadh ar an tseirbhís agus deireadh á gcur le srianta taistil i mí Iúil 2021. |
| Comhlíonadh úinéireachta agus rialaithe ag aeriompróirí a mheasúnú, go háirithe ag teacht ó impleachtaí mar gheall ar Brexit. | Leanúint le comhlíonadh ceanglas ceadúnaithe ag sealbhóirí ceadúnais. | Cuireadh i gcrích cleachtadh monatóireachta comhlíonta bliantúil i dtaca le húinéireacht agus rialú agus díríodh go háirithe ar shealbhóirí ceadúnais a bhí faoi thionchar na Breatimeachta. |
| Socruithe lenár gcomhghleacaithe Eorpacha a neartú chun bheith mar bhonn faoin mhonatóireacht a dhéantar ar aeriompróirí. | Comhaontuithe comhair a thionscnamh le páirtithe ábhartha. | Leanadh de chruinnithe/díospóireachtaí lenár gcomhghleacaithe i roinnt Ballstát maidir le saincheisteanna ceadúnaithe. Leanfaidh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta de bheith ag sainaithint deiseanna le haghaidh tuilleadh comhoibrithe de réir mar a thagann siad chun cinn. |

| Cuspóir 2: Tionscadal Digitithe | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2021** | **Soláthar 2021** |
| Obair a dhéanamh chun réiteach nua TF a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in ionad na bpróiseas de láimh atá i bhfeidhm faoi láthair. | Córas nua a chur i bhfeidhm. | Tá rannpháirtíocht leanúnach chun an córas nua a dhearadh/a thógáil ag dul ar aghaidh i gcéimeanna agus tá sé beartaithe an obair sin a chríochnú in 2022. |

## SPRIOC STRAITÉISEACH 3:
## GNÍOMHAIREACHTAÍ TAISTIL AGUS TIONSCNÓIRÍ TURAS ATÁ LÁIDIR Ó THAOBH AN AIRGEADAIS DE

| Cuspóir 1: Riachtanais an Achta Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, agus an Achta um Shaoirí Réamhúirithe agus an Trádáil Taistil, 1995, a chur i bhfeidhm. | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2021** | **Soláthar 2021** |
| Leanúint ar aghaidh de bheith ag obair i ndlúthchomhar le páirtithe leasmhara chun na socruithe riachtanacha go léir a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go dtuigeann an tionscal na ceanglais sin. Tuiscint an Choimisiúin ar an margadh a fheabhsú. | Líon na n-aonán ar tugadh cuairt orthu.<br>Líon na gcruinnithe tionscail.<br>Freastal ar chomhdhálacha.<br>Foirmeacha maidir le hoiriúnacht don fheidhm.<br>Nóta Treorach nuashonraithe más gá. | De dheasca srianta leanúnacha, ní rabhamar in ann cuairteanna ar an láthair ná cruinnithe pearsanta a reáchtáil. Chuamar i dteagmháil go cianda leis an tionscal agus le comhlachtaí ionadaíocha. |
| Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar phróisis agus nósanna imeachta reatha. | Próisis maidir le hoiriúnacht don fheidhm. | Déanaimid athbhreithniú de shíor ar ár bpróisis lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm. |
| Ceadúnais a eisiúint de réir reachtaíocht na hÉireann. | Céatadán na n-iarrthóirí ar tugadh freagra orthu laistigh de sheacht lá.<br>Céatadán na litreacha um chinneadh i bprionsabal a eisíodh.<br>Líon na gceadúnas a eisíodh taobh istigh de choicís. | 99%<br>97%<br>91% |
| Monatóireacht a dhéanamh ar na socruithe slándála atá i bhfeidhm. | Córas monatóireachta a chur i bhfeidhm go leanúnach. | D'oibríomar agus na páirtithe leasmhara go léir as lámha a chéile chun a chinntiú gur leor iad na socruithe slándála. |

| Cuspóir 2: Cosaint dhóthanach a thabhairt do thaistealaithe | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2021** | **Soláthar 2021** |
| Bearta reatha reachtacha maidir le dócmhainneacht, a chur i bhfeidhm. | Socruithe a chur i bhfeidhm le haghaidh gnólachtaí atá bunaithe in Éirinn agus taobh amuigh di. | D'eisiomar ceadúnais do 161 gnólacht atá bunaithe in Éirinn agus fuaireamar fianaise de chumhdach cosanta dócmhainneachta ó 11 ghnólacht nach bhfuil bunaithe san AE. |
| Obair leis an Roinn Iompair chun socruithe cosanta custaiméirí a láidriú. | Ionchur a thabhairt maidir le forbairtí beartais agus aon socruithe nua a bhfuil gá leo a chur i bhfeidhm. | Cuireadh tús i mí an Mhárta 2021 le cur i bhfeidhm scéim na Nótaí Creidmheasa Aisíocaíochta i gcomhthéacs clistí éagsúla trádála taistil. |
| Cásanna ina líomhnaítear go bhfuil trádáil mhídhleathach ar siúl a imscrúdú. | Tuairisciú faoi chásanna a ndearnadh imscrúdú orthu. | Rinneamar imscrúdú ar chúig chás inar líomhnaíodh go raibh trádáil mhídhleathach ar siúl. |

| Cuspóir 3: Tionscadal Digitithe | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2021** | **Soláthar 2021** |
| Obair a dhéanamh chun réiteach nua TF a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in ionad na bpróiseas de láimh atá i bhfeidhm faoi láthair. | Córas nua a chur i bhfeidhm. | Tá rannpháirtíocht leanúnach chun an córas nua a dhearadh/a thógáil ag dul ar aghaidh i gcéimeanna agus tá sé beartaithe an obair sin a chríochnú in 2022. |

## SPRIOC STRAITÉISEACH 4: CREAT LÁIDIR CHUN CEARTA PAISINÉIRÍ A CHUR I BHFEIDHM

| Cuspóir 1: Déileáil le gearáin ó phaisinéirí go héifeachtúil, go héifeachtach agus go cothrom | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2021** | **Méid a baineadh amach in 2021 – i dtaca le 2,987 cás a cuireadh isteach idir an 1 Iúil 2020 agus an 30 Meitheamh 2021** |
| Imscrúduithe a thionscnamh go tráthúil | Réamhléirmheas a dhéanamh ar ghearáin laistigh de sheachtain amháin – sprioc 85%. | Rinneadh athbhreithniú ar 100% de na gearáin laistigh de sheachtain amháin |
| Imscrúduithe ar aerlínte a chur ar bun i gcomhréir leis na hamlínte freagartha comhaontaithe. | Cuireadh 80% de na himscrúduithe i gcrích laistigh de thrí mhí. Cuireadh 95% de na himscrúduithe i gcrích laistigh de sheacht mí. | Tugadh 66% de na gearáin chun críche laistigh de thrí mhí agus tugadh 91% acu chun críche laistigh de sheacht mí. Ba fhreagairtí déanacha agus easpa comhoibrithe ó na haerlínte ba chúis leis an moill. |
| | | |
| Aerfoirt na hÉireann a iniúchadh maidir le comhlíonadh an dá rialachán. | 100% de na haerfoirt ábhartha in aon bhliain ar leith. | Níorbh fhéidir iniúchtaí fisiceacha a dhéanamh; ach rinneadh iniúchtaí agus reáchtáladh roinnt cianchruinnithe le húdaráis aerfoirt agus le haerlínte. |

| Cuspóir 2: Feasacht thaistealaithe ar chearta aerphaisinéirí a fheabhsú | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2021** | **Soláthar 2021** |
| Plean cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach. | Plean cumarsáide a chur i bhfeidhm. | Tá athbhreithniú á dhéanamh in athuair ar an bplean cumarsáide mar chuid den aistriú atá le déanamh ag an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann |

| Cuspóir 3: Oibriú chun comhlíonadh níos fearr na rialachán ag an tionscal a chinntiú, d'fhonn líon na ngearán ar gá dúinn idirghabháil a dhéanamh ina leith a laghdú | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2021** | **Soláthar 2021** |
| Leanúint ar aghaidh le plean maidir le hiniúchtaí, gníomhaíochtaí forfheidhmithe, cuairteanna agus cruinnithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | An plean a chur i bhfeidhm. | Cuireadh an plean i bhfeidhm nuair ab fhéidir, ach tá athbhreithniú á dhéanamh air chomh maith. Mar gheall ar an éigeandáil leanúnach sláinte, bhí gá le tobchumadh ach bhaineamar úsáid mhaith as an teicneolaíocht chun dea-chumarsáid a choinneáil leis na páirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear cumarsáid mhéadaithe le haerlínte ag baint úsáid as cruinnithe ar líne. |

| Cuspóir 4: Tionscadal Digitithe | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2021** | **Soláthar 2021** |
| Obair a dhéanamh chun réiteach nua TF le haghaidh gearán agus ceisteanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in ionad an chórais gearán agus na bpróiseas de láimh atá i bhfeidhm faoi láthair. | Córas nua a chur i bhfeidhm. | Thug an fhoireann um Chearta Aerphaisinéirí faoi an-chuid oibre go luath in 2021. Tá rannpháirtíocht leanúnach chun an córas nua a dhearadh/a thógáil ag dul ar aghaidh i gcéimeanna agus tá sé beartaithe an obair sin a chríochnú in 2022. |

## SPRIOC STRAITÉISEACH 5:
## RIALÚ A LÉIRÍONN AN DEA-CHLEACHTAS IDIRNÁISIÚNTA IS FEARR

| Cuspóir 1: Córais éifeachtacha agus oiriúnach don aidhm a fheidhmiú | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2021** | **Soláthar 2021** |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais agus próisis agus iad a mhionathrú chun an fheidhmíocht agus an tseirbhís do chustaiméirí is fearr cleachtais a chur ar fáil. | Comhoibriú lenár gcomhghleacaithe sa Rannóg um Rialáil Eitlíochta chun ardán digiteach a fhorbairt a chuirfidh bonn eolais faoin dea-chleachtas maidir le heispéireas an chustaiméara agus seirbhís do chustaiméirí. | Tá rannpháirtíocht leanúnach chun an córas nua a dhearadh/a thógáil ag dul ar aghaidh i gcéimeanna agus tá sé beartaithe an obair sin a chríochnú in 2022. |

| Cuspóir 2: Comhairliúchán éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2021** | **Soláthar 2021** |
| Leibhéal níos airde comhairliúcháin ar mhuirir agus infreastruchtúr a chur chun cinn. | Leanúint ar aghaidh le próiseas StageGate maidir le tionscadail infheistíochta caipitiúla a chur i bhfeidhm agus obair a dhéanamh le hAerfort Bhaile Átha Cliath maidir lena struchtúr praghsanna. | Leanamar ar aghaidh leis an bpróiseas StageGate in 2021 agus chuireamar críoch leis an gcéad bhabhta den phróiseas StageGate a bhaineann le Caighdeáin Scagtha ar Bhagáiste Boilg i gCríochfort 1. Chuireamar tús chomh maith leis an gcéad bhabhta den phróiseas i dtaca le tionscadail feabhsúcháin aerpháirce. |
| Páirt a ghlacadh i bhFóram Thessaloniki Rialtóirí Muirear Aerfoirt na hEorpa. | Cur leis an bpáipéar oibre maidir le muirir aerfoirt le linn géarchéime. | Bhíomar mar chuid den fhoireann scríbhneoireachta don pháipéar i dtaca le Táillí Aerfoirt. Dréachtaíodh an páipéar seo agus roinneadh le páirtithe leasmhara é in 2021. |
| Comhordú le gníomhaireachtaí ábhartha eile maidir le rialú Aerfort Bhaile Átha Cliath. | Dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí ábhartha, agus faisnéis a roinnt leo, de réir mar is gá. | |
| Beartas rialála a fhorbairt mar ullmhúchán dár gcéad chinneadh eile faoi Aerfort Bhaile Átha Cliath, ag foghlaim ó thaithí comhlachtaí rialála eile. | Comhordú le rialtóirí eile in Éirinn agus i mBallstáit eile. | |
| Páirt ghníomhach a ghlacadh in Ardán Comhordaithe an Údaráis Maoirseachta Náisiúnta a bhfuil sé mar aidhm aige an scéim maidir le hAerspás Eorpach Aonair a chur i bhfeidhm ar bhealach atá níos fearr. | Páirt a ghlacadh sna rudaí seo a leanas: 1) plé AE ar cheisteanna agus réitigh ábhartha, 2) dea-chleachtais maidir le hAerspás Eorpach Aonair a chur i bhfeidhm a aithint agus 3) comhchúnamh saineolaithe idir Údaráis Maoirseachta Náisiúnta a sholáthar. | |

| Cuspóir 3: Foireann oilte agus spreagtha a chaomhnú | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2021** | **Soláthar 2021** |
| Leanúint orainn de bheith ag ailíniú agus ag cur gníomhartha foghlama agus forbartha i gcrích chun tacú lenár bPlean Straitéiseach. | An Plean Foghlama agus Forbartha a rianú ar bhonn míosúil. | Cuireadh clár teoranta Foghlama agus Forbartha i gcrích in 2021 toisc nach raibh ach cláir ar líne ar fáil agus toisc gur cuireadh srian ar an gcumas cláir intí/i gcoláiste a sheachadadh de dheasca na Paindéime. |
| I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar theacht aniar na heagraíochta, an tríú céim den phlean fórsa saothair a chur i gcrích. | Acmhainní i bhfeidhm faoi Ráithe 2. | Earcaíodh na hacmhainní breise ar fad a ceadaíodh faoin bplean lucht saothair de réir an phlean. |
| Clár Folláine cuimsitheach le haghaidh fostaithe a chur ar bun chun tacú lenár bhfostaithe agus lenár gcuspóirí straitéiseacha. | Plean Folláine 2021 a rianú ar bhonn míosúil. | Cuireadh an Plean Folláine i bhfeidhm i dtimpeallacht ar líne agus d'éirigh thar barr leis agus tacaíocht á tabhairt dár bhfoireann ina n-aonar agus i dteannta a chéile i rith na bliana, go háirithe i gcomhthéacs na cianoibre. |

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH NUA 6:
## RIALÁIL EACNAMAÍOCH SEIRBHÍSÍ AERLOINGSEOIREACHTA A CHUR I BHFEIDHM

| **Cuspóir 1: Rialáil eacnamaíoch seirbhísí aerloingseoireachta a chur i bhfeidhm** | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2021** | **Soláthar 2021** |
| Leanúint ar aghaidh ag obair ar an bplean feidhmíochta athbhreithnithe a fhorbairt le haghaidh Thréimhse Thagartha 3. | Anailís a dhéanamh, dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara, agus plean athbhreithnithe feidhmíochta a ullmhú. | Ullmhaíodh Plean Feidhmíochta Athbhreithnithe na hÉireann le haghaidh Tréimhse Tagartha 3 in 2021 agus tar éis rannpháirtíocht fhairsing le páirtithe leasmhara, agus ag teacht leis na spriocdhátaí reachtúla, cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh agus an Chomhlachta Athbhreithnithe Feidhmíochta é. |

# Páipéir an Choimisiúin agus Doiciméid Eile a Foilsíodh in 2021

| | | |
|---|---|---|
| Eanáir | CN1/2021 | Ceadúnais le haghaidh Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas do Bhealtaine 2021 |
| Márta | | Fógra faoi Chomhairliúchán an Choimisiúin Eorpaigh i dtaca le Spriocanna Athbhreithnithe Thréimhse Thagartha 3 |
| | CN1/2021 | StageGate – Tuarascáil ar an Dara hAtriall, 2020-2021 |
| | CP1/2021 | Comhairliúchán ar an Dara hAthbhreithniú Eatramhach ar Chinneadh 2019 ar Tháillí Aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, mar gheall ar COVID-19 |
| Aibreán | | Nóta faoin Spriocdháta le haghaidh freagraí ar CP1/2021 Comhairliúchán ar an Dara hAthbhreithniú Eatramhach ar Chinneadh 2019 ar Tháillí Aerfoirt, mar gheall ar COVID-19 |
| | CN2/2021 | Dréacht-chinneadh maidir le Paraiméadair Chomhordaithe Gheimhreadh 2021 |
| | CN3/2021 | Paraiméadair Chomhordaithe Aerfort Bhaile Átha Cliath – Séasúr an Gheimhridh 2021 |
| Meitheamh | | Cuntais Rialála Aerfort Bhaile Átha Cliath le haghaidh 2019 |
| Iúil | CN4/2021 | Ceadúnais le haghaidh Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas do Shamhain 2021 |
| | | Dréachtphlean Feidhmíochta na hÉireann do Sheirbhísí Aerloingseoireachta i dTréimhse Thagartha 3 den Rialachán um an tAerspás Eorpach Aonair |
| Lúnasa | | Cinneadh an Phainéil um Achomhairc Eitlíochta |
| Meán Fómhair | CN5/2021 | Dréacht-Chinneadh ar Pharaiméadair Chomhordaithe Shamhradh 2022 agus Riail Áitiúil A |
| | CN6/2021 | CN6/2021: Paraiméadair Chomhordaithe Aerfort Bhaile Átha Cliath – Séasúr an tSamhraidh 2022 |
| Deireadh Fómhair | | Dréachtphlean Feidhmíochta na hÉireann do Sheirbhísí Aerloingseoireachta le haghaidh Tréimhse Thagartha 3, Doiciméad Cinnidh i dtaca le Rialachán um an tAerspás Eorpach Aonair |
| | CP2/2021 | Dréacht-chinneadh ar an Dara hAthbhreithniú Eatramhach ar Chinneadh 2019 maidir le 2022 |
| Samhain | | Nóta Comhairliúcháin ar Phlean Athbhreithnithe Feidhmíochta na hÉireann le haghaidh Tréimhse Thagartha 3 bunaithe ar Réamhaisnéisí STATFOR do Dheireadh Fómhair |
| | | Nóta Cinnidh ar Phlean Athbhreithnithe Feidhmíochta na hÉireann le haghaidh Tréimhse Thagartha 3 bunaithe ar Réamhaisnéisí STATFOR do Dheireadh Fómhair |
| Nollaig | CP3/2021 | Cinneadh ar Athbhreithniú Eatramhach ar Chinneadh 2019 maidir le 2022 |
| | CN7/2021 | Ráiteas faoi Chaidhp Praghais Aerfort Bhaile Átha Cliath, 2020 agus 2022 |
| Ráithiúil | | Tuarascáil Cáilíochta Seirbhíse Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| | | Tuarascáil ar Thionscadail Chaipitil Aerfort Bhaile Átha Cliath a chur i gcrích |

# Príomhtháscairí Feidhmíochta

| Táscaire Feidhmíochta | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| **Ceadúnú do Thrádáil Taistil** | | |
| Freagra a thabhairt d'iarratasóirí taobh istigh de sheachtain amháin ón teagmháil tosaigh | 99% | 67% |
| Litir 'Cinneadh i bPrionsabal' eisithe laistigh de mhí amháin ó dháta taiscthe an iarratais chomhlánaithe | 97% | 88% |
| Ceadúnas eisithe laistigh de choicís tar éis an bhanna/na ndoiciméad go léir a fháil | 91% | 92% |
| Iniúchadh ar na cuntais bhliantúla laistigh de shé seachtaine tar éis iad a fháil | 64% | 82% |
| Líon áitreabh ceadúnaithe ar tugadh cuairt orthu (sprioc: cuairt ar 20% in aghaidh na bliana) | N/B | 2% |
| **Éilimh agus Aisdúichithe Lucht Trádála Taistil** | | |
| Líon na nÉileamh a Fuarthas tar éis teipeanna | 2,970 | 3,620 |
| Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de dhá mhí | 159 | 316 |
| Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de cheithre mhí | 504 | 607 |
| Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de shé mhí | 1427 | 1,623 |
| Costais riaracháin mar chéatadán de chostais iomlána na n-éileamh | 13.4% | 19.4% |
| Líon na bpaisinéirí aisdúichithe | n.b | n.b |
| Líon na bpaisinéirí ag feitheamh ar aisdúichiú, tar éis an dáta sceidealaithe aischurtha | n.b | n.b |
| Líon na bpaisinéirí ag feitheamh ar aisdúichiú ar feadh níos mó ná seachtain amháin | n.b | n.b |
| **Cosaint Tomhaltóirí** *(cásanna a cuireadh isteach idir an 1 Iúil 2019 agus an 30 Meitheamh 2020)* | | |
| Réamh-athbhreithnithe ar ghearáin curtha i gcrích laistigh de sheachtain amháin | 100% | 100% |
| Gearáin curtha ar aghaidh chuig CFN eile laistigh de mhí amháin ón ngearán a fháil | 100% | 99% |
| Imscrúduithe curtha i gcrích laistigh de thrí mhí ón ngearán a fháil | 66% | 62% |
| Imscrúduithe curtha i gcrích laistigh de sheacht mí ón ngearán a fháil | 91% | 94% |
| Líon na n-imscrúduithe aerfoirt | 0 | 0 |

# Plean Oibre 2022

## SPRIOC STRAITÉISEACH 1: AERFORT AGUS SEIRBHÍSÍ AERLOINGSEOIREACHTA ATÁ ÉIFEACHTÚIL, AR ARDCHAIGHDEÁN AGUS FEASACH AR SHÁBHÁILTEACHT

| Cuspóir 1 | Tosaíochtaí 2022 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Muirir Éifeachtúla a Shocrú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. | Leanúint ar aghaidh le forbairt a dhéanamh ar Athbhreithniú Eatramhach Bloc Tógála iomlán an Choimisiúin ar Chinneadh 2019, mar fhreagra ar COVID-19. Dul i gcomhairle le Páirtithe Leasmhara maidir leis an gcur chuige is fearr chun na huasteorainneacha nua i dtaca le caidhp praghais a leagan amach. | An tAthbhreithniú Eatramhach iomlán a chríochnú agus rannpháirtíocht chomhoibríoch réamhghníomhach agus réitigh éifeachtacha fhreagracha a chinntiú. Réitigh rialála a sheachadadh a bhaineann cothromaíocht chuí amach lenár gcuspóirí reachtúla. |
| | Monatóireacht a dhéanamh ar an gcaidhp praghais, a chuireann teorainn leis an ioncam in aghaidh an phaisinéara, gur féidir le hAerfort Bhaile Átha Cliath a bhailiú ó mhuirir aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath | Ráitis faoi chaidhpeanna praghais a fhoilsiú. |
| | Comhlíonadh Threoir um Muirir Aerfoirt na hEorpa a chinntiú, treoir a leagann amach na bunchaighdeáin maidir le comhairliúchán agus neamh-idirdhealú. | Oibriú le hAerfort Bhaile Átha Cliath maidir le pleananna chun táillí torainn agus comhshaoil a fhorbairt mar chuid den struchtúr sin. Freastal ar chomhairliúcháin agus measúnú a dhéanamh ar aon ghearáin a d'fhéadfaí a chur isteach. |
| | Rialú agus monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar atá éifeachtúil ó thaobh costas de agus ar chur i bhfeidhm thionscadail an Chláir Infheistíochta Caipitil. | Leanúint le tuarascálacha ráithiúla a fhoilsiú ar dhul chun cinn i gcomparáid leis na hamlínte atá socraithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir le gach tionscadal ceadaithe atá fós le cur i gcrích, chomh maith le caiteachas, agus an struchtúr a choigeartú de réir mar is gá i bhfianaise amlínte athbhreithnithe a cuireadh ar bun leis an Athbhreithniú Eatramhach. |

| Cuspóir 2 | Tosaíochtaí 2022 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a mhéadú sa phróiseas cinnteoireachta | Leibhéal níos airde comhairliúcháin ar mhuirir agus infreastruchtúr a chur chun cinn. | Leanúint leis an bpróiseas StageGate do thionscadail infheistíochta caipitil agus oibriú leis na páirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear an Grúpa Comhairleach Paisinéirí, i dtaca leis an Athbhreithniú Eatramhach ar mhuirir aerfoirt. |

| Cuspóir 3 | Tosaíochtaí 2022 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Iomaíocht a chur chun cinn agus iontráil nua a éascú | Paraiméadair chomhordaithe sliotán ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a dhearbhú agus an córas leithdháilte a mhaoirsiú de réir mar is gá. | Anailís a chur ar bun agus dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara faoin gcur chuige a mba cheart dúinn a ghlacadh chun acmhainn an Rúidbhealaigh Thuaidh nua a fhógairt. Cinntí faoi pharaiméadair sliotáin Gheimhreadh 2021 agus Samhradh 2022 a fhoilsiú. |
| | | Comhordaitheoir sliotán a cheapadh, a ghlacfaidh an ról nuair a thiocfaidh deireadh leis an gconradh reatha i mí Dheireadh Fómhair. |
| | Smachtbhannaí a fhorfheidhmiú i gcás aerlínte a mhí-úsáideann sliotán. | Smachtbhannaí mí-úsáide sliotán a thuairisciú. |

| Cuspóir 4 | Tosaíochtaí 2022 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Rialáil Feidhmíochta agus Muirir faoin Scéim maidir le hAerspás Eorpach Aonair | Forbairt agus glacadh Phlean Feidhmíochta nua d'Éirinn le haghaidh Tréimhse Thagartha 3 go dtí 2024 a thabhairt chun críche. | Dul chun teagmhála leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an gComhlacht Feidhmíochta Athbhreithnithe maidir le glacadh le Plean Athbhreithnithe Feidhmíochta na hÉireann le haghaidh Tréimhse Tagartha 3 |
| | Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar Phríomhréimsí Feidhmíochta na hÉireann, agus ar Chaiteachas Caipitil Sholáthróirí Seirbhísí Aerloingseoireachta Údarás Eitlíochta na hÉireann. | Anailís a dhéanamh agus na dualgais mhonatóireachta a chomhlíonadh. |

## SPRIOC STRAITÉISEACH 2: AERLÍNTE AGUS LÁIMHSEÁLAITHE AR AN TALAMH ATÁ SÁBHÁILTE AGUS LÁIDIR Ó THAOBH AN AIRGEADAIS DE

| Cuspóir 1 | Tosaíochtaí 2022 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Córas éifeachtach ceadúnaithe a oibriú | Oibriú i ndlúthchomhar le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann agus leis na páirtithe leasmhara faoin mbealach a chinnteofar go mbeidh na rialacha feidhmithe maidir le soláthar sábháilte seirbhísí láimhseála ar an talamh faoi Rialachán nua an EASA ag teacht leis an bpróiseas um cheadú atá curtha i bhfeidhm cheana ag an gCoimisiún. | Treoirlínte agus próiseas forfheidhmithe a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh |
| | Leanúint ar aghaidh a bheith ag obair le haerfoirt chun creat rialála níos láidre a fhorbairt chun tacú le comhlíonadh na Rialacha Iompraíochta ag seirbhísí láimhseála ar an talamh. | Seachadadh na nithe a aithníodh chun forfheidhmiú cuí maidir le comhlíonadh na Rialacha Iompraíochta a chinntiú. |
| | Measúnú ar chomhlíonadh úinéireachta agus rialaithe ag aeriompróirí. | Leanúint le comhlíonadh ceanglas ceadúnaithe ag sealbhóirí ceadúnais. |
| | Socruithe lenár gcomhghleacaithe Eorpacha a neartú chun bheith mar bhonn faoin mhonatóireacht a dhéantar ar aeriompróirí. | Comhaontuithe comhair a thionscnamh le páirtithe ábhartha. |

| Cuspóir 2 | Tosaíochtaí 2022 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Tionscadal Digitithe | Oibriú chun córas digiteach nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, mar chuid de chumasc an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta agus Údarás Eitlíochta na hÉireann, lena chur i bhfeidhm in ionad na bpróiseas láimhe atá ann cheana. | Tascanna a chur i gcrích de réir mar is gá chun taifid a aistriú gan stró agus aistrithe a éascú. |

## SPRIOC STRAITÉISEACH 3: GNÍOMHAIREACHTAÍ TAISTIL AGUS TIONSCNÓIRÍ TURAS ATÁ LÁIDIR Ó THAOBH AN AIRGEADAIS DE

| Cuspóir 1 | Tosaíochtaí 2022 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Riachtanais an Achta Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, agus an Achta um Shaoirí Réamhháirithe agus an Trádáil Taistil, 1995, a chur i bhfeidhm | Leanúint ar aghaidh de bheith ag obair i ndlúthchomhar le páirtithe leasmhara chun na socruithe riachtanacha go léir a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go dtuigeann an tionscal na ceanglais sin. Tuiscint an Choimisiúin ar an margadh a fheabhsú. | Líon na n-aonán ar tugadh cuairt orthu.<br>Líon na gcruinnithe tionscail.<br>Freastal ar chomhdhálacha.<br>Foirmeacha maidir le hoiriúnacht don fheidhm.<br>Nóta Treorach nuashonraithe más gá. |
| | Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na próisis agus na nósanna imeachta atá ann. | Próisis maidir le hoiriúnacht don fheidhm. |
| | Ceadúnais a eisiúint de réir reachtaíocht na hÉireann. | Céatadán na n-iarrthóirí ar tugadh freagra orthu laistigh de 7 lá.<br>Céatadán na litreacha um chinneadh i bprionsabal a eisíodh.<br>Líon na gceadúnas a eisíodh taobh istigh de choicís. |
| | Monatóireacht a dhéanamh ar na socruithe slándála atá i bhfeidhm. | Córas monatóireachta a chur i bhfeidhm go leanúnach. |

| Cuspóir 2 | Tosaíochtaí 2022 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Cosaint dhóthanach a thabhairt do thaistealaithe | Bearta reatha reachtacha maidir le dócmhainneacht, a chur i bhfeidhm. | Socruithe a chur i bhfeidhm le haghaidh gnólachtaí atá bunaithe in Éirinn agus taobh amuigh di. |
| | Obair leis an Roinn Iompair chun socruithe cosanta custaiméirí a láidriú. | Ionchur a thabhairt maidir le forbairtí beartais agus aon socruithe nua a bhfuil gá leo a chur i bhfeidhm. |
| | Cásanna ina líomhnaítear go bhfuil trádáil mhídhleathach ar siúl a imscrúdú. | Tuairisciú faoi chásanna a ndearnadh imscrúdú orthu. |

| Cuspóir 3 | Tosaíochtaí 2022 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Tionscadal Digitithe | Obair a dhéanamh chun réiteach nua TF a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in ionad na bpróiseas de láimh atá i bhfeidhm faoi láthair. | Córas nua a chur i bhfeidhm |

## SPRIOC STRAITÉISEACH 4:
## CREAT LÁIDIR CHUN CEARTA PAISINÉIRÍ A CHUR I BHFEIDHM

| Cuspóir 1 | Tosaíochtaí 2022 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Déileáil le gearáin ó phaisinéirí go héifeachtúil, go héifeachtach agus go cothrom | Imscrúduithe a thionscnamh go tráthúil. | Réamhléirmheas a dhéanamh ar ghearáin laistigh de sheachtain amháin - sprioc 85%. |
| | Imscrúduithe ar aerlínte a chur ar bun i gcomhréir leis na hamlínte freagartha comhaontaithe. | Cuireadh 80% de na himscrúduithe i gcrích laistigh de thrí mhí. Cuireadh 95% de na himscrúduithe i gcrích laistigh de sheacht mí. |
| | Treoracha a eisiúint sa chás nach gcomhlíonann aerlínte leis na ceanglais. | Treoir curtha i bhfeidhm, athraithe nó tarraingthe siar. |
| | Aerfoirt na hÉireann a iniúchadh maidir le comhlíonadh an dá rialachán. | 100% de na haerfoirt ábhartha in aon bhliain ar leith. |

| Cuspóir 2 | Tosaíochtaí 2022 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Feasacht thaistealaithe ar a gcearta a fheabhsú | Plean cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach. | Plean cumarsáide a chur i bhfeidhm. |

| Cuspóir 3 | Tosaíochtaí 2022 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Oibriú chun comhlíonadh níos fearr na rialachán ag an tionscal a chinntiú, d'fhonn líon na ngearán ar gá dúinn idirghabháil a dhéanamh ina leith a laghdú | Leanúint ar aghaidh le plean maidir le hiniúchtaí, gníomhaíochtaí forfheidhmithe, cuairteanna agus cruinnithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | An plean a chur i bhfeidhm. |

| Cuspóir 4 | Tosaíochtaí 2022 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Tionscadal Digitithe | Obair a dhéanamh chun réiteach nua TF le haghaidh gearán agus ceisteanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in ionad an chórais gearán agus na bpróiseas de láimh atá i bhfeidhm faoi láthair. | Córas nua a chur i bhfeidhm |

## SPRIOC STRAITÉISEACH 5:
## RIALÚ A LÉIRÍONN AN DEA-CHLEACHTAS IDIRNÁISIÚNTA IS FEARR

| Cuspóir 1 | Tosaíochtaí 2022 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Córais éifeachtacha agus oiriúnach don aidhm a fheidhmiú | Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais agus próisis agus iad a mhionathrú chun an fheidhmíocht agus an tseirbhís do chustaiméirí is fearr cleachtais a chur ar fáil. | Comhoibriú lenár gcomhghleacaithe sa Rannóg um Rialáil Eitlíochta chun ardán digiteach a fhorbairt a chuirfidh bonn eolais faoin dea-chleachtas maidir le heispéireas an chustaiméara agus seirbhís do chustaiméirí. |


| Cuspóir 2 | Tosaíochtaí 2022 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Comhairliúchán éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara | Leibhéal níos airde comhairliúcháin ar mhuirir agus infreastruchtúr a chur chun cinn. | Leanúint ar aghaidh le próiseas StageGate maidir le tionscadail infheistíochta caipitiúla a chur i bhfeidhm agus obair a dhéanamh le hAerfort Bhaile Átha Cliath maidir lena struchtúr praghsanna. |
| | Beartas rialála a fhorbairt mar ullmhúchán dár gcéad chinneadh eile faoi Aerfort Bhaile Átha Cliath, ag foghlaim ó thaithí comhlachtaí rialála eile. | Comhordú le rialtóirí eile in Éirinn agus Ballstáit eile. |
| | Páirt ghníomhach a ghlacadh in Ardán Comhordaithe an Údaráis Maoirseachta Náisiúnta a bhfuil sé mar aidhm aige an scéim maidir le hAerspás Eorpach Aonair a chur i bhfeidhm ar bhealach atá níos fearr. | Páirt a ghlacadh sna rudaí seo a leanas: 1) plé AE ar cheisteanna agus réitigh ábhartha, 2) dea-chleachtais maidir le hAerspás Eorpach Aonair a chur i bhfeidhm a aithint agus 3) comhchúnamh saineolaithe idir Údaráis Maoirseachta Náisiúnta a sholáthar. |

| Cuspóir 3 | Tosaíochtaí 2022 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Foireann oilte agus spreagtha a chaomhnú | Leanúint ar aghaidh ag díriú ar ghníomhartha foghlama agus forbartha ag teacht leis an gclár um Athchóiriú rialála. | An Plean Foghlama agus Forbartha a rianú ar bhonn míosúil. |
| | Tabhairt faoi athbhreithniú agus forbairt ar ár bplean lucht oibre ar aon dul leis an gclár um Athchóiriú rialála. | Ceapacháin curtha i gcrích laistigh den amlíne riachtanach. |
| | Clár Folláine cuimsitheach le haghaidh fostaithe a chothabháil chun tacú lenár bhfostaithe agus lenár gcuspóirí straitéiseacha. | Plean Folláine a rianú ar bhonn míosúil. |

## SPRIOC STRAITÉISEACH 6:
## RIALÁIL EACNAMAÍOCH SEIRBHÍSÍ AERLOINGSEOIREACHTA A CHUR I BHFEIDHM

| Cuspóir 1 | Tosaíochtaí 2022 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Rialáil Eacnamaíoch seirbhísí Aerloingseoireachta a chur i bhfeidhm | Forbairt agus glacadh Phlean Feidhmíochta nua d'Éirinn le haghaidh Tréimhse Thagartha 3 go dtí 2024 a thabhairt chun críche. | Dul chun teagmhála leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an gComhlacht Feidhmíochta Athbhreithnithe maidir le glacadh le Plean Athbhreithnithe Feidhmíochta na hÉireann le haghaidh Tréimhse Tagartha 3 |
| | Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar Phríomhréimsí Feidhmíochta na hÉireann, agus ar Chaiteachas Caipitil Sholáthróirí Seirbhísí Aerloingseoireachta Údarás Eitlíochta na hÉireann. | Anailís a dhéanamh agus na dualgais mhonatóireachta a chomhlíonadh. |

# Cairt Eagrúcháin




*Ciallaíonn sé fostaí, as bhfuil feidhm CARR breise air



An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
3ú hUrlár, 6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2, Éire
Teil: +353 1 6611700
Ríomhphost: info@aviationreg.ie